

Tuarascáil Bhliantúil 2019



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and
Training Board



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL ETB DHÚN NA NGALL

Focal ó Chathaoirleach agus ó Phríomhfheidhmeannach ETB Dhún na nGall	4
Comhaltaí Feidhmiúcháin ETB Dhún na nGall, Taifead Tinrimh	7
An dóigh a bhfeidhmíonn an Bord	10
An obair a dhéanann muid, an áit ina bhfuil muid	12

2019 - 'Lean ar Aghaidh'

Ag bogadh ar aghaidh lenár dtrí phríomhthéama	14
---	----

Roinnt eochairuimhreacha do 2019

Líon foghlaimeoirí de réir earnála	15
Rollú daltaí inár n-iar-bhunscoileanna	16
Rollú FET	17

Eochairthéama 1 | Teagasc agus Foghlaim

Tosaíocht 1	Cláir agus Seirbhísí Tacaíochta	21
Tosaíocht 2	Tionscnaimh úr	23
Tosaíocht 3	Coincheapa Úra laistigh de Chlár na Sraithe Sóisearaí	24
Tosaíocht 4	Scileanna inaistrithe a fhorbairt laistigh de gach clár oideachais agus oiliúna	25
Tosaíocht 5	Caighdeán cháilíochta a choinneáil agus a fheabhsú trasna gach clár oideachais	26
Tosaíocht 6	An Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta	27

Eochairthéama 2 | Eagraíocht Fhórasach, Chuntasach

Tosaíocht 7	Struchtúir Úra Eagraíochtúla	29
Tosaíocht 8	Riachtanais reachtaíochta agus rialachais	30
Tosaíocht 9	Comhtháthú Oideachais agus Oiliúna, agus Seirbhísí Comhroinnte	32
Tosaíocht 10	Deiseanna foghlama agus tacaíochtaí foirne	37
Tosaíocht 11	Teicneolaíochtaí úra a úsáid le cur le tacaíocht agus forbairt eagraíochta	38
Tosaíocht 12	Straitéis Cumarsáide atá soiléir agus éifeachtach a fhorbair	38

Eochairthéama 3 | Ag Obair le Comhpháirtithe

Tosaíocht 13	Ag tógáil ar chaidrimh le hoibriú i dtreo spriocanna comhroinnte	43
Tosaíocht 14	Tacaíocht do ghníomhaíochtaí oibre don ógra ar fud an chontae	45
Forbairtí Gaeilge		47
Ionad Oideachais Allamuigh Ghartáin		48
Ionad Oideachais Ceoil Dhún na nGall		50
Searmanas bronnta bliantúil		52
Lá Fiontraíochta		54
Clár forbartha caipitil		55

Corparáideach

Soláthar		56
Nochtaí Cosanta		56
Saoráil Faisnéise		56
RGCS/GDPR		
Sláinte agus Sábháilteacht		57
Coistí agus araile		
Coiste Iniúcháireachta agus Riosca 2019, Taifead Tinrimh		58
Coiste Airgeadais 2019, Taifead Tinrimh		60
Giorrúcháin		62
Aguisíní		64

Ár bhFís

Feabhas maidir le seachadadh seirbhíse oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán agus foghlaimoirlárnach.

Ár Ráiteas Misin

Oideachas agus oiliúint inrochtana agus uileghabhálach a chur chun cinn, a chur ar fáil agus tacú leis, rud a chumasaíonn daoine óga agus daoine fásta barr a gcumais a bhaint amach i dtimpeallacht shábháilte agus chomhbhách.

RÉAMHRÁ

leis an Chomhairleoir Martin Harley, Cathaoirleach, agus Anne McHugh, Uasal, Príomhfheidhmeannach

Ba mhór an phribhléid dom a bheith tofa mar Chathaoirleach ETB Dhún na nGall do 2019. Ba mhór an onóir dom a bheith roghnaithe agus tacaíocht a fháil ó na comhaltaí eile.

Is é ETB Dhún na nGall an soláthraí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) is mó i nDún na nGall é. Bainistíonn sé cúig déag de na seacht n-iar-bhunscoil is fiche atá sa chontae agus is Comhpháirtí Iontaobhais é do na hocht scoil Phobail agus Chuimsitheach sa chontae. Is é an soláthraí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) is mó sa chontae é, bainistíonn sé Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin agus Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall. Tá freagrachtaí dlithiúla air maidir le hObair don Ógra. In 2019, bhain thar 29,000 mac léinn agus foghlaimeoir tairbhe as oideachas agus oiliúint trí scoileanna, ionaid, chlár agus sheirbhísí an Bhoird.

Is cúis áthais dúinn an Tuarascáil Bhliantúil do 2019 a chur i láthair agus an obair a baineadh amach le linn 2019 a thaispeáint agus machnamh a dhéanamh uirthi. Tá ár spriocanna san áireamh inár Ráiteas Straitéise, 'Lean ar Aghaidh', agus inár bPlean Seirbhíse do 2019.

Tá ár scoileanna ar thús cadhnaíochta maidir le smaointeoireacht úr agus forásach i dtaca leis an churaclam agus muid ag iarraidh an t-oideachas is fearr agus is oiriúnaí a chur ar fáil do dhaoine óga inár gcontae. Tá ár scoileanna ag glacadh páirte sna hábhair úra Ardeistiméireachta mar atá Ríomhaireacht agus Corpoideachas mar aon leis an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta. Ceann de na dúshláin ba mhó le linn na bliana agus le linn théarma oifige an Bhoird seo ná dul chun cinn an phróisis le suíomh a fháil don Champas Trí Scoil le haghaidh Choláiste Cranncha, Choláiste Chineál Eoghain agus Ghaelscoil Bhun Cranncha. Lean an obair sin ar aghaidh le linn 2019 agus é mar aidhm dheiridh aici an rogha suímh is fearr a fháil dár scoileanna i mBun Cranncha.

D'fhreastail muid ar roinnt mhaith searmanas bronnta teastas dár bhfoghlaimeoirí FET, lena n-áirítear comhbhronnadh do phrintíseachtaí le ETB Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma i mBun Dobhráin i mí na Samhna. Is onóir mhór é a bheith ann le daoine ó gach cearn dár gcontae agus réigiún a fheiceáil ag baint a spriocanna amach in oideachas agus in oiliúint ag na leibhéil éagsúla. Sin an rud a thiomáineann agus a spreagann ETB Dhún na nGall. Ina theannta sin, molann muid ár ndaltaí scoile príomhshrutha a bhain torthaí amach trí sholáthar PLC agus trí na Sraitheanna Sóisearacha agus Sinsearach.

Mar Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach, bhí lúcháir orainn freastal ar réimse imeachtaí agus ócáidí a cheiliúran ar dtiomantas do Chontae Dhún na nGall. Ina measc bhí cruinnithe coiste, Searmanas Bronnta Bliantúil ETB Dhún na nGall, Lá na Fiontraíochta, ár lón do bhaill foirne atá ag dul ar scor, agus imeachtaí ceoil a reáchtáil ár gComhpháirtíocht Oideachais Ceoil ag láithreacha ar fud an chontae. I mí Aibreáin, bhí áthas ar ETB Dhún na nGall a bheith mar urraitheoir ar chomhdháil bhliantúil Institiúid na gComhairleoirí Treorach a tionóladh ag LYIT. Chuir roinnt ball foirne ábhar i láthair ag an ócáid a chuidigh le béim a leagan ar shárobair ár seirbhíse do gach mac léinn. Ar an 12 Márta, rinne muid ceiliúradh ar bhuanna ceoil ár gcuid daltaí agus foirne dara leibhéal ag ár gceolchoirm *One Voice Choir* in Amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn. Tráthnóna iontach siamsaíochta a bhí ann agus teist ar iarrachtaí sármhaithe ár múinteoirí ceoil.

Tá lúcháir orainn a fheiceáil gur cuireadh feabhas mór ar ár gcuid cumarsáide agus brandála agus go bhfuil líon na ndaoine a ndéanann muid teagmháil leo ar na meáin shóisialta agus eile ag méadú an t-am ar fad. Tá sé sin iontach go deo tábhachtach dúinn agus caithfidh muid leanúint ar aghaidh ag iarraidh teagmháil a dhéanamh le muintir Chontae Dhún na nGall.

Bliain thar a bheith tairbheach a bhí ann domsa mar Chathaoirleach. Bliain thar a bheith bisiúil a bhí ann mar gheall ar an idirghníomhaíocht agus an obair lenár réimse leathan d’eagraíochtaí comhpháirtíochta, an Comhairleoir Niamh Kennedy, Leaschathaoirleach, Comhaltaí Boird, an Príomhfheidhmeannach agus a Foireann dhíograiseach. Ba léir an obair iontach atá á déanamh lenár gcomhpháirtithe nuair a cuireadh an POF agus an Bainisteoir Oiliúna Ceantair san áireamh i dtoscaireacht trádála trasteorann Chomhairle Contae Dhún na nGall / Chomhairle Ceantair Dhoire agus an tSraitha Báin chuig SAM i mí na Samhna. Thug an turas deis d’ETB Dhún na nGall an méid is féidir leis a thairiscint a chur i láthair i dtéarmaí oideachais agus oiliúna do thionscal atá lonnaithe nó atá ag smaoineamh ar lonnú anseo i nDún na nGall.

Is mian linn buíochas a ghabháil le gach ball foirne, foghlaimeoirí agus pobail scoileanna as an mhéid a rinne siad agus as an dóigh ar úsáid siad ár gcuid seirbhísí le linn 2019 agus muid ag iarraidh feabhas a chur ar ár soláthar in Oideachas agus Oiliúint do na pobail uilig i nDún na nGall sa bhliain amach romhainn.

Bunaíodh an Bord úr i ndiaidh na dtoghchán áitiúil, a reáchtáladh i mí na Bealtaine 2019. Reáchtáladh an chéad agus an dara cruinniú iar-thoghcháin go luath i mí Lúnasa 2019 agus an chéad chruinniú iomlán den Bhord úr i Meán Fómhair 2019. Ba mhaith linn gach rath a ghuí ar an Bhord úr ina théarma oifige go dtí 2024.

Anois leanann muid ar aghaidh chuig roinnt ráiteas foirmiúil.

Dearbhaíonn muid go bhfuil ETB Dhún na nGall ag déanamh dul chun cinn maidir le feidhmiú na gceanglas is deireanaí sa Chód Cleachtais um Rialachas ETBanna ina gcleachtais agus ina nósanna imeachta rialachais ar fud na heagraíochta.

Tuigeann muid an fhreagracht atá ar ETB Dhún na nGall maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil seo agus na Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú. Bunaithe ar an eolas atá ar fail don Bhord agus don Fheidhmeannas, tá muid den tuairim go gcuireann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus gnóthaí an Bhoird i láthair mar is ceart. Deimhníonn muid gur chloígh ETB Dhún na nGall lena oibleagáidí faoi dhlí cánach na hÉireann.

Dearbhaím go gcloíonn muid le Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair ETB Dhún na nGall agus dearbhaím go bhfuil Plean Soláthair Chorparáidigh trí bliana forbartha agus curtha i bhfeidhm. Mar Chathaoirleach an Bhoird, deimhním go bhfuil muid ag cloí leis na riachtanais chúil i dtaca le Cód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Faoi dheireadh, dearbhaíonn muid go bhfuil Tuarascáil Cathaoirigh Rúnda curtha faoi bhráid an Aire / na Roinne Oideachais agus Scileanna.



An Clr Martin Harley,
Cathaoirleach



Anne McHugh, Uasal
Príomhfheidhmeannach



Thuas ar chlé - an tAire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh TD, sa phictiúr le Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, ETB Dhún na nGall, Cróna Gallagher; Cathaoirleach an ETB, an Comhairleoir Martin Harley; agus an Príomhfheidhmeannach Anne McHugh. Thuas ar dheis - daltaí ó Gairmscoil Chú Uladh istigh sa fhráma.



Orsi Szabo-Yélamo agus Victor Yélamo, a bhí mar chuid de cheolfhoireann aireagail Concerto Malaga (an Spáinn) a ainmníodh do Grammy Laidineach in 2019. Is teagascóir lánaimseartha í Orsi le Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall, cuid d'ETB Dhún na nGall. Is teagascóir agus stiúrthóir dordveidhil DMEP é Victor.



Mic léinn táthaithe píopaí códaithe (FET) sa phictiúr le *Cradle Newton* ar mhéid nádúrtha a rinne siad do Ghradam Bhlíantúla ETB Dhún na nGall 2019.



'Let Your Shield Shine Brighter' - Mic léinn Choláiste Deelee agus seastán ag Searmanas Bronnta Gradam Bhlíantúil an ETB in Óstán an Radisson, Leitir Ceanainn.

ETB Dhún na nGall - Comhaltaí an Bhoird; Eanáir go Lúnasa 2019

An Clr Martin Harley, (cathaoirleach)	An tUasal Philip McGlynn (Leaschathaoirleach)
An Clr Liam Blaney	An Clr John Shéamus Ó Fearraigh
An Clr John Campbell/An Clr Seamus Maguire	An tUasal Geoffrey Browne
An Clr Albert Doherty	Catherine Elaine Coyle, Uasal
An Clr Gary Doherty	Bernadette Ní Dhuibhir, Uasal
An Clr Rena Donaghey	Regina Grant, Uasal
An Clr Martin Farren	Joanne Irwin, Uasal
An Clr Jimmy Kavanagh	An tUasal Patsy McVicar
An Clr Niamh Kennedy	An tUasal Gabriel O'Donnell
An Clr Michael McBride	An tUasal Noel Rodden
An Clr Martin McDermott	

ETB Dhún na nGall - Comhaltaí an Bhoird Meán Fómhair go Nollaig 2019

An tUasal Geoffrey Browne (cathaoirleach)	An Clr Rena Donaghey (leaschathaoirleach)
An Clr Noel Andrew Jordan	An Clr Martin Farren
An Clr Albert Doherty	Lorraine Doherty, Uasal
An Clr Ian McGarvey	Ms Joanne Donaghy, Uasal
An Clr Martin Harley	An tUasal Noel Rodden
An Clr Noreen McGarvey	Lorraine Thompson, Uasal
An Clr Gary Doherty	An tUasal Patsy McVicar
An Clr Donal Coyle	Regina Grant, Uasal
An Clr John Shéamus Ó Fearraigh	An tUasal Gerard Grant
An Clr Barry Sweeny	An tUasal Brian McDermott
An Clr Michael McBride	

Comhdhéanamh an Bhoird - téigh chuig Aguisín A, le do thoil, le haghaidh rialacháin maidir le ballraíocht an bhoird, cé chomh minic agus a thagann sé le chéile agus socrúithe eile.

Taifid Tinrimh do Chomhaltaí Boird an ETB 2019

Seo a leanas ainmneacha Chomhaltaí an Bhoird mar aon le taifead de líon na gcuinnithe Boird a reáchtáladh agus sonraí maidir le taifid tinrimh ag gach cruinniú. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur athbhunaíodh an Bord agus a Choistí i ndiaidh Thoghchán na nÚdarás Áitiúil i mBealtaine 2019, rud a d'fhág go raibh athruithe ar líon na gcomhaltaí agus ar chomhdhéanamh gach ceann acu de réir mar is cuí.

* Léiríonn an tsiombail sin gur Comhaltaí nua iad

Comhalta Boird	8 Feabhra 2019	4 Márta 2019	8 Aibreán 2019	13 Bealtaine 2019	2 Lúnasa 2019 (An 1ú chruinniú i ndiaidh na dtoghchán)	2 Lúnasa 2019 (An 2ú cruinniú i ndiaidh na dtoghchán)	9 Meán Fómhair 2019	21 Deireadh Fómhair 2019	9 Nollaig 2019	Iomlán Cruinnithe ar fhreastail sé/sí orthu
Geoffrey Browne Cathaoirleach	x	x	x			x	x	x	x	7/8
Albert Doherty	x	x	x	x	x	x	x	x	x	9/9
Gary Doherty			x		x	x	x		x	5/9
Rena Donaghey Leaschathaoirleach	x	x	x	x	x	x	x	x		8/9
Martin Farren	x				x	x			x	4/9
Martin Harley	x	x	x	x	x	x	x	x	x	9/9
Joanne Irwin		x	x	x						3/4
Jimmy Kavanagh	x		x	x						3/4
Niamh Kennedy		x	x	x						3/4
Michael McBride	x			x	x	x	x	x	x	7/9
Catherine Elaine Coyle	x	x		x						3/4
Liam Blaney		x	x							2/4
Philip McGlynn										0/4
Patrick McVicar	x	x	x	x			x	x	x	7/7
Bernadette Ní Dhuibhir	x		x	x						3/4
Gabriel O'Donnell		x	x							2/4
Noel Rodden	x	x	x	x	x	x	x	x	x	9/9
Regina Grant	x	x	x	x			x	x		6/7

Comhaltaí Boird - Taifead Tinrimh maidir le Cruinnithe 2019 (ar lean)

*Léiríonn an tsiombail sin gur Comhaltaí nua iad

Comhalta Boird	8 Feabhra 2019	4 Márta 2019	8 Aibreán 2019	13 Bealtaine 2019	2 Lúnasa 2019 (An 1ú chruinniú i ndiaidh na dtoghchán)	2 Lúnasa 2019 (An 2ú chruinniú i ndiaidh na dtoghchán)	9 Meán Fómhair 2019	21 Deireadh Fómhair 2019	9 Nollaig 2019	Iomlán Cruinnithe ar fhreastail sé/sí orthu
Seamus Maguire	x									1/4
John Seamais Ó Fearraigh		x	x		x	x	x	x	x	7/9
Martin McDermott		x								1/4
*Noel Andrew Jordan							x		x	2/5
*Noreen McGarvey					x	x	x	x	x	5/5
*Ian McGarvey					x	x	x	x		4/5
*Donal Coyle					x	x	x	x	x	5/5
*Barry Sweeny					x	x	x	x	x	5/5
*Lorraine Doherty						x	x			2/4
*Joanne Donaghy					x	x	x	x	x	5/5
*Lorraine Thompson							x	x	x	3/3
*Brian McDermott									x	1/3
*Gerard Grant							x	x	x	3/3
Tinreamh Iomlán	13	14	15	12	13	15	19	16	17	

An dóigh a bhfeidhmíonn an Bord

Bunaíodh ETB Dhún na nGall ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus feidhmíonn sé de réir na nithe seo a leanas:

- an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013
- an tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013
- An Cód Cleachtais um Rialachas na Bord Oideachais agus Oiliúna (CL 0002/2019)
- Buanorduithe ETB Dhún na nGall (Deireadh Fómhair 2013)
- Imlitreacha agus Treoir na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Treoracha agus Treoir eile ó Ranna Rialtais eile agus ó SOLAS

Tá feidhmeanna an Bhoird ina bhfeidhmeanna feidhmiúcháin nó ina bhfeidhmeanna forchoimeáda. Is é an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann na feidhmeanna feidhmiúcháin agus is é an Bord a chomhlíonann na feidhmeanna forchoimeáda. Tá feidhmeanna forchoimeáda leagtha amach in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tháinig an Bord le chéile naoi n-uaire i rith na bliana féilire, lena n-áirítear dhá chruinniú iar-thoghcháin, agus cloíonn sé lena Fheidhmeanna Forchoimeáda mar a fhorordaítear in Alt 12 agus é i mbun a ghnó. I measc na bhfeidhmeanna sin tá, *inter alia*, glacadh le Plean Seirbhíse bliantúil agus Tuarascáil Bhliantúil, ceadú na gCuntas Bliantúil, Coiste Airgeadais agus Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca a cheapadh mar aon le Ráiteas Straitéise cúig bliana a cheadú de réir Alt 27 den Acht. I Sceideal 3 den Acht Boird Oideachais agus Oiliúna, leagtar amach sonraí breise maidir le feidhmeanna an Bhoird agus an dóigh a dtéann sé i mbun a chuid gnó. Níor tharmlig an Bord aon chuid dá chinnteoireacht don Phríomhfheidhmeannach ná d'Fheidhmeannas an ETB.

Glactar leis go bhfuil gach feidhm de chuid an ETB, nach Feidhm Fhorchoimeáda í, ina Feidhm Feidhmiúcháin faoi Alt 13 den Acht.

Éilíonn Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna ar an ETB go gcoimeádfaidh sé, i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna, le toiliú an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an Bhord:

- (a) na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh ráitis airgeadais ETB a ullmhú a chur i bhfeidhm
- (b) breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- (c) aon imeachtaí ábhartha ó na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le halt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach fosta as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaí agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla léargas ceart ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird agus ar staid chúrsaí an Bhoird.

Bainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach

Déanann an Bord maoirseacht ar Bhainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach de réir fhorálacha Alt 7 den Chód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna agus tacaíonn agus cuidíonn Feidhmeannas an ETB, faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, an Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca agus an Coiste Airgeadais faoi seach leis an Bhord sa réimse freagrachta sin.

Tá an Bord ag brath fosta ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí (IAU) agus ar a thuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil C&AG agus ar aon Iniúchadh seachtrach mar Iniúchadh CSE/ESF agus / nó Iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Rinne an Bord measúnú ar a rioscaí agus, i dtaca leis sin, fuair sé agus bhreithnigh sé tuarascálacha ón Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca agus ó Fheidhmeannas an ETB. Áiríodh sa bhreithniú sin an t-athbhreithniú neamhspleách a rinne an Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca ar na Cláir Riosca éagsúla a cuireadh i láthair agus na bearta maolaithe gaolmhara atá i bhfeidhm faoi láthair mar aon le tuarascálacha ó Fheidhmeannas an ETB, an Dréachtráiteas ar Rialú Inmheánach (SIC), an Dréachtlitir Ionadaíochta (LoR) agus Dréacht-thuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire. Ghlac an Bord le comhairle fhoirmiúil an Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca (ARC) go raibh an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus cheadaigh an Bord an Dréacht-SIC, an Dréacht-LoR agus Dréachtráiteas Cuimsitheach an Chathaoirligh don Aire don bhliain 2019.

Cuireadh Tuarascáil Cathaoirligh rúnda chuimsitheach faoi bhráid an Aire Oideachais de réir fhorálacha Ailt 6.8 agus 6.9 den Chód Cleachtais um Rialachas ETBanna.

Tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach críochnaithe, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 a fhoilseofar i ndiaidh don Roinn Oideachais a chur in iúl go hoifigiúil gur leagadh an AFS iniúchta os comhair dhá Theach an Oireachtais agus gur glanadh iad lena bhfoilsíú.

An Méid a Dhéanaimid



- Reáchtálann ETB Dhún na nGall cúig scoil agus coláiste déag, lena n-áirítear cúig Ghaelcholáiste agus dhá scoil oileáin, ar Árann Mhór agus i dToraigh.
- Tá 17 sainionad ag an tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) atá lonnaithe sna háiteanna seo a leanas: Gort an Choirce, Gaoth Dobhair, Bun Cranncha, Gleann Gad, Baile Dhún na nGall (Ardscoil agus *Drumcliff*), Leitir Ceanainn (Baile Raithin, Bóthar Chill Mhic Réanáin agus Ard Uí Dhomhnaill), Béal Átha Seanaidh, Baile na nGallóglach, Cumasóige Leifir, Cumasóige Bhun Cranncha agus Gleann na Finne. Cuirtear clár Iar-Ardteistiméireachta (PLC) ar siúl i dtrí scoil ETB: Coláiste an Eargail, Gairmscoil Chaitríona, na Cealla Beaga agus Coláiste Ghleann na Finne. Oibríonn an tseirbhís FET i gcomhar le 140+ comhlacht pobail, deonach, reachtúil agus príobháideach fosta lena cuid clár a chur ar fáil ar fud an chontae.
- Bhí áiseanna tacaíochta cúraim leanaí lonnaithe sa naíolann i Leitir Ceanainn.
- Tugann an tSeirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh eolas neamhchlaonta agus rúnda mar aon le comhairle do dhaoine fásta ar na roghanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil ó ETB Dhún na nGall agus in áiteacha eile.
- Tá suíomh iontach ag Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin dá chuid oibre - eastát 87 acra le háiseanna agus cóiríocht fhairsing ar bhruacha Loch Gartáin, 15 km ó Leitir Ceanainn.
- Cuireann Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP) teagasc ceoil ar fáil do dhaltai bunscoile agus meánscoile agus do roinnt daoine fásta ar fud an chontae; áiríonn an teagasc sin an guth agus réimse leathan uirlisí. Tá 10 dtaibhghrúpa ag an DMEP fosta, ar a n-áirítear Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall.
- Tá raon cúrsaí ar Staidéar ar Dhrugaí agus Alcól á reáchtáil ar fud Dhún na nGall, Liatroma agus Shligigh ag comhordaitheoir atá lonnaithe in oifigí riaracháin ETB Dhún na nGall i Leitir Ceanainn.
- Reáchtálann ETB Dhún na nGall Clár Críochnaithe Scolaíochta fosta faoi choimirce TUSLA, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais agus an Clár Teagmhála Baile is Scoile.

- Soláthraíonn ETB Dhún na nGall clár seirbhísí oibre don ógra ar fud an chontae faoi stiúir Oifigigh Óige.
- Oibríonn ETB Dhún na nGall le comhpháirtithe mar Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Dhún na nGall agus Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Dhún na nGall chun straitéisí a tháirgeadh don chontae.



Mapa Scoileanna

Ionaid FET

1. Coláiste Pobail Bhun an Phobail, Bun an Phobail	1. Ionad Cumasóige, Gleann Gad
2. Coláiste Cranncha, Bun Cranncha	2. Ionad FET, Bun Cranncha
3. Coláiste Chineál Eoghain, Bun Cranncha	3. Ionad Cumasóige, Bun Cranncha
4. Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn	4. Ionad FET Leitir Ceanainn
5. Coláiste an Eargail, Leitir Ceanainn	5. Coláiste an Eargail (PLC)
6. Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth	6. Ionad Oiliúna, Leitir Ceanainn
7. Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir	7. Ionad Cumasóige, Leitir Ceanainn
8. Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir	8. Ionad Cumasóige, Leifear
9. Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall	9. Ionad Oideachais Ghleann na Finne, Srath an Urláir
10. Coláiste Mhaigh Éne, Bun Dobhráin	10. Coláiste Ghleann na Finne (PLC)
11. Gairmscoil Chaitriona, Na Cealla Beaga	11. Ionad FET, Baile Dhún na nGall
12. Coláiste na Carraige, An Charraig	12. Ardscoil na gCeithre Máistrí, Baile Dhún na nGall
13. Gairmscoil Mhic Dhiarmada, Oileán Árann Mhóir	13. Ionad FET, Baile Átha Seanaidh
14. Coláiste Pobail Cholmcille, Toraigh	14. Gairmscoil Chaitriona (PLC)
15. Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach	15. Ionad Oiliúna, Gaioth Dobhair
Oideachis Allamuigh/Oideachais Ceoil	16. Ionad FET, Gort an Choirce
1. Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin	17. Ionad FET, Baile na nGallóglach
2. Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall	

'Lean ar Aghaidh' - ag bogadh ar aghaidh in 2019

Threoraigh eochairthéamaí a phlean cúig bliana ETB Dhún na nGall i rith 2019; clúdaíonn an plean an tréimhse 2017-2022 agus tugtar 'Lean ar Aghaidh' air. Tá trí phríomhthéama sa phlean.

Eochairthéamaí:

1. Teagasc agus Foghlaim
2. Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach
3. Ag Obair le Comhpháirtithe




Grúpa scoile le teagascóirí ag Ionad Oideachais agus Oilíúna Allamuigh Ghartáin.

Tionchar a imirt - na huimhreacha

Líon iomlán foghlaimeoirí in 2019 de réir earnála


Iar-bhunscoileanna & Coláistí	5,432
Breisoideachas & Oiliúint	11,986
OETC Ghartáin	10,043
Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil	1,880

IOMLÁN **29,341**



Líon daltaí ar rolla in iar-bhunscoileanna agus coláistí 2019

Teastas Sóisearach	2,321
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	455
Clár na hIdirbhliana	506
Ardteistiméireacht	592
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach	130
Gairmchlár na hArdteistiméireachta	1,081
Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	347
IOMLÁN	5,432




Líon mac léinn ar rolla i gcúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna 2019

An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	552
An tSeirbhís Treorach d'Aosaigh	2,587
Oideachas Bunata	2,504
Aitheantas Réamhfhoghlama	214
Seirbhísí Oiliúna (Cúrsaí Oiliúna, Sainscileanna, Printíseachtaí)	1,204
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais	180
Cumasóige	160
Oideachas Pobail	4,335

Cláir Ranganna Oíche 67

Cúrsaílar-Ardteistiméireachta 183

IOMLÁN 11,986









EOCHAIRTHÉAMA 1

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

TOSAÍOCHT 1

Cláir oideachais agus oiliúna a thairiscint le seirbhísí tacaíochta laistigh de timpeallachtaí teagaisc agus oiliúna ar ardchaighdeán agus a chinntiú go bhfreastalaíonn na cláir sin ar riachtanais daoine, ar riachtanais na sochaí agus ar riachtanais an gheilleagair, riachtanais atá ag athrú go tapa.

TORADH

Cuirtear cláir oideachais fhreagrúla ar fáil i ngach scoil, coláiste agus ionad laistigh de thimpeallachtaí teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán.

- Le linn 2019, tugadh an deis do dhaltaí sna 15 scoil de chuid ETB Dhún na nGall páirt a ghlacadh i réimse clár oideachais:
 - Sraith Shóisearach
 - Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
 - Clár na hIdirbhliana
 - An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
 - Gairmchlár na hArdteistiméireachta
 - Ardteistiméireacht (traidisiúnta)
 - Cláir Iar-Ardteistiméireachta
- D'eisigh scoileanna Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ilchodach i ndiaidh an scrúdaithe dheiridh. Chuir sé sin leis an tuairisciú ar dhul chun cinn do thuismitheoirí/chaomhnóirí le linn cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí agus trí ghnáthsheisiúin aiseolais daltaí, lena n-áirítear aiseolas i ndiaidh gach CBA (measúnú seomra ranga-bhunaithe) a chríochnú. Rinneadh tuairisciú foirmiúil ar dhul chun cinn agus ar éachtaí na ndaltaí don chéad bhliain agus don dara bliain fosta.
- Lean múinteoirí orthu ag glacadh páirte sa chlár chuimsitheach um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach tríd an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT).
- Lean daltaí ag Gairmscoil na Mainistreach i mBaile Dhún na nGall ar aghaidh go dtí a ndara bliain ag déanamh staidéir ar Ríomheolaíocht mar ábhar Ardteistiméireachta i ndiaidh di a bheith tugtha isteach i Meán Fómhair 2018. Díríonn Ríomheolaíocht ar an dóigh ar féidir le ríomhchlárú agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil cuidiú le fadhbanna a réiteach, agus fosta ar an dóigh a bhfuil tionchar na ríomhaireachta ag méadú ar fud na sochaí.
- Lean mic léinn i dtrí scoil ar aghaidh lena ndara bliain ag déanamh staidéir ar Chorpoideachas na hArdteistiméireachta (LCPE). Cuireadh tús leis an chlár sin fosta i Meán Fómhair 2018 agus bhí scoileanna áirithe ar fud na tíre páirteach sa chéad chéim, lena n-áirítear Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall; Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth; agus Coláiste Pobail Bhun an Phobail. Tá Gairmscoil na Mainistreach agus Coláiste Pobail Bhun an Phobail ag soláthar Chreat Úr Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí, nach ndéantar scrúdú air.

- In 2019, d'eisigh QQI 4,291 dámhachtainí d'fhoghlaimoirí FET i 17 n-ionad. Fuair 655 foghlaimoir Mórdámhachtainí, fuair 3,582 Miondámhachtainí agus fuair 54 dámhachtainí Cuspóra Speisialta. Bhain na dámhachtainí ab airde le scileanna ríomhaireachta. Bronnadh gradaim thionscail agus gradaim dhíoltóir-deimhnithe ar roinnt mhaith foghlaimoirí fosta.
- Rinneadh an clár *LATCH-ON* a phíolótú in 2019 agus leanfaidh sé ar aghaidh in 2020. Cuidíonn an clár seo le daoine fásta a bhfuil Siondróm Down orthu scileanna saoil agus tras-scileanna a fhorbairt (is scileanna iad sin is féidir a úsáid i réimse leathan cásanna agus suíomhanna oibre). Cuireadh oiliúint speisialta ar bhaill foirne maidir leis an chúrsa a sheachadadh, ar comhoibriú é idir an ETB agus *Down Syndrome Ireland*.
- Mar gheall ar chomhoibriú eile, sa chás seo le húdarás na Gaeltachta agus Pramerica, cuireadh Cúrsa Oiliúna in Uath-thástáil Bogearraí ar fáil in ionad GTeic @Gaoth Dobhair. Ligeann an cúrsa oiliúna sin do dhaoine na scileanna cuí a fhoghlaim atá de dhíth le hoibriú in ionad for-rochtana Pramerica a osclaíodh le déanaí i Gaoth Dobhair. Ciallaíonn sé go bhfuil an deis acu traenáil agus obair go háitiúil. Tá an clár ag leanúint ar aghaidh agus táthar ag súil go gcuideoidh sé le hathbheochan an cheantair Gaeltachta.
- D'fhreastail níos mó ná 1,600 duine ar thrí Aonach FET in 2019, arna n-eagrú ag an tSeirbhís Treorach agus Faisnéise FET d'Aosaigh agus Earcaíocht FET. D'fhreastail foghlaimoirí fásta agus ábhar foghlaimoirí ó gach cearn den chontae ar an Aonach mór i Leitir Ceanainn i mí Eanáir. Bhí dhá aonach ann i mí na Samhna, ceann amháin dírithe ar dhaltaí a bhí ar tí an scoil a fhágáil agus orthu siúd atá ag obair agus an dara ceann dírithe ar an phobal i gcoitinne.
- Le linn 2019, rinneadh cúrsaí páirtaimseartha nua a fhorbairt agus a sheachadadh le freastal ar riachtanais foghlaimoirí ar mhian leo dul ar aghaidh ó chúrsaí a bhí déanta acu roimhe sin. Seachadadh Scileanna Seirbhíse Sláinte don Infhostaitheacht Leibhéal 5 i mBun Cranncha, i Leitir Ceanainn, ar an Chlochán Liath agus i bPort Nua, agus ghlac 61 duine páirt ann. Tá dul chun cinn déanta ag grúpaí i Leitir Ceanainn agus ar an Chlochán Liath agus bainfidh siad dámhachtainí iomlána amach in 2020. I mBun Cranncha, d'éirigh le grúpa forchéimnithe cúrsa páirtaimseartha Dearadh Gairdín Leibhéal 5 a chríochnú. Reáchtáladh cúrsa cúraim leanaí ag Leibhéal 5 i Leitir Ceanainn, i Srath an Urláir agus i mBun Cranncha. Forbraíodh agus seachadadh cúrsa in CETR/ECDL, leabharchoimeád agus cuntais dhá lá sa tseachtain i nGort an Choirce i ndiaidh comhairliúcháin le heagraíochtaí áitiúla. Seachadadh conairí chuig cúrsaí FET i mBaile na nGallóglach, i nGleann na Finne agus i mBéal Átha Seanaidh, le creidiúnú CETR/ECDL i Scileanna Cumarsáide agus Tras-Scileanna (scileanna is féidir a úsáid i réimse leathan comhthéacsanna).
- Tairgeadh dianchúrsa samhraidh, 'Tadhallchlóscríobh agus Litrigh' ('Touch Type and Spell'), i mBaile Dhún na nGall agus i Leitir Ceanainn. Dearadh an cúrsa sin le cuidiú le foghlaimoirí disléicseacha a gcuid litrithe agus léitheoireachta a fheabhsú.
- Chuir an Clár Athlonnaithe Dídeanaithe sé chúrsa ar fáil i Srath an Urláir, i Leitir Ceanainn agus i gCarn Domhnach le cuidiú le teaghlaigh dídeanaithe Shiriacha cur lena gcumas teanga agus litearthachta agus foghlaim faoi chultúr na hÉireann. Bhain 46 foghlaimoir creidiúnú amach. Ag deireadh 2019, cuireadh trí theaghlach úra a chónaí i mBaile Dhún na nGall. Cuirfidh ETB Dhún na nGall teagasc ar fáil dóibh in 2020.

TOSAÍOCHT 2

Na tionscnaimh úra a bhaineann le Ceannaireacht Theagascach, Cleachtais Aisiríocha, Comhoibriú idir Múinteoirí, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL), Ionductú agus Meantóireacht a chomhtháthú isteach i gcláir úra.

TORADH

Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta Ceapadh comhordaitheoir TEL le cuidiú leis an straitéis TEL do FET a chur i bhfeidhm. Ceapadh meantóir TEL i ngach ionad FET le comhairle agus treoir a thabhairt do bhaill foirne eile.

SELFIE is ea an giorrúchán ar 'Féinmhachnamh ar Fhoghlaim Éifeachtach agus teicneolaíochtaí oideachasúla in úsáid chun nuálaíocht a chothú'. Faoin réimse sin rinneadh measúnuithe digiteacha i dtrí ionad déag agus tháinig sé chun solais go raibh fadhbanna ann maidir le nascacht i gceantair thuaithe.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide Uasghrádaíodh bonneagar ar fud na n-ionad. Suiteáladh línte líonra rialtais in ionaid oiliúna Leitir Ceanainn agus Gaoth Dobhair. Uasghrádaíodh seomraí ríomhaireachta i dtrí ionad PLC. Ceannaíodh *Chromebooks* d'ionaid Chumasóige.

Forbairt Phearsanta Leanúnach I measc na gcúrsaí a reáchtáladh do bhaill foirne faoin cheannteideal sin bhí:

- Foghlaim & Dearadh an 21ú hAois
- Teastas QQI Leibhéal 6 san Fhoghlaim & Teicneolaíocht
- Teastas QQI Leibhéal 7 agus Leibhéal 8 i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
- *Google Drive* agus *Classroom*
- Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim
- Saoránacht Dhigiteach

D'fhreastail seasca ball foirne ar sheimineár TEL i mBealtaine 2019.

Chomhoibrigh foireann seirbhíse FET agus foireann scoileanna ar chruthú ábhair do chlár ag úsáid Timpeallacht Fhíorúil Foghlama.

Cleachtais Aisiríocha

Lean ETB Dhún na nGall lena chuid oibre ar mhórchlár ar 'chleachtais aisiríocha', a dhíríonn ar bhealaí nua chun caidrimh a bhainistiú agus déileáil le coimhlintí i scoileanna agus in ionaid. Tá an clár maoinithe ag Síocháin IV agus ritheann sé ó 2019-2020. Tá 19 scoil i gceist, lena n-áirítear naoi scoil de chuid an ETB; gach ceann de na sé ionad Cumasóige ETB; agus eagraíocht oibre don ógra. Tá oiliúint do mhic léinn agus don fhoireann i gceist leis an tionscadal. Chuir 28 ball foirne ó na scoileanna tús le cúrsa Teastas Iarchéime i gCleachtais Aisiríocha le hOllscoil Uladh. (*sonraí breise in Aguisín B*)

Pleanáil Curaclaim, Cruthú Ábhar agus Comhroinnt Acmhainní

Tá roinnt múinteoirí i scoileanna de chuid ETB Dhún na nGall ag obair ar thionscnamh nuálach teagaisc agus foghlama dar teideal 'Comhoibriú Múinteoirí – Pleanáil Curaclaim na Sraithe Sóisearaí, Cruthú Ábhar agus Comhroinnt Acmhainní'. Tá an tionscnamh á forbairt le cúig bliana anuas agus

cuireadh físeán gearr le chéile a léiríonn an obair go dtí seo:

<https://www.youtube.com/watch?v=iYHbURcYinI>

Faigheann an tionscadal tacaíocht ón Chiste Feabhais do Scoileanna Digiteacha, ciste de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES), a bhfuil sé mar aidhm aige aird a tharraingt ar na deiseanna a chruthaítear nuair a bhíonn múinteoirí ag comhoibriú lena chéile.

Mar chuid den tionscadal, tháinig múinteoirí ó dheich n-iar-bhunscoil de chuid an ETB le chéile i ngrúpaí oibre le hábhar teagaisc a fhorbairt atá cruthaitheach agus dalta-lárnach. Táthar ag cur leis an tionscadal anois le foireann teagaisc agus oiliúna ó Sheirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) an ETB a chur san áireamh.

Cuireadh fáilte mhór roimh an tionscnamh agus táthar ag cur leis an saineolas laistigh den eagraíocht. Tá an tionscadal ag baint leasa as an tacaíocht agus as ardfreastur TFC atá ar fáil laistigh d'ETB Dhún na nGall mar atá: *G Suite* don Oideachas a úsáideann *Google Classroom, Sites, Docs* agus *Drive*.

TOSAÍOCHT 3

Glacadh leis na coincheapa úra laistigh de Chlár úr na Sraithe Sóisearaí inár scoileanna, coláistí agus ionaid.

TORADH

Tá 24 ráiteas foghlama sa Chreat don tSraith Shóisearach, agus ocht bprionsabal mar bhonn taca leo. Chuir siad sin an bunús ar fáil dár 15 scoil lena gcláir don tsraith shóisearach a bheartú, a dhearadh agus a mheas. Dhírigh an próiseas pleanála ar an dóigh leis na comhpháirteanna curaclaim (ábhair, Aonaid Foghlama Tosaíochta, agus gearrchúrsaí) a thabhairt le chéile le heispéiris foghlama eile. Rinne scoileanna cinnte de, de réir mar a cuireadh gach ábhar i láthair do mhic léinn, go raibh na ráitis foghlama uilig i bhfeidhm, in éineacht leis na heochairscileanna.

Seo a leanas na hocht bprionsabal atá mar chuid den Chreat:

- Ag Foghlaim Conas Foghlaim
- Rogha agus Solúbthacht
- Ardchaighdeán
- Cruthaitheacht agus nuáil
- Caidreamh agus Rannpháirtíocht
- Leanúnachas agus forbairt
- Oideachas cuimsitheach
- Folláine

Is cuid ríthábhachtach den churaclam nua iad Measúnuithe Seomra Ranga (CBAnna) agus thug siad deis do dhaltaí a dtuiscint agus a scileanna a thaispeáint ar bhealaí nach mbeadh indéanta i scrúdú a ndéantar measúnú seachtrach air. Úsáidtear CBAnna i measúnú na foghlama in ábhair agus i ngearrchúrsaí. Déanann na múinteoirí iad a mheas agus tuairiscítear iad do mhic léinn agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí le linn na Sraithe Sóisearaí agus i Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisear

TOSAÍOCHT 4

Forbairt scileanna cineálacha (litearthacht, uimhearthacht, scileanna idirphearsanta, scileanna digiteacha srl.) a chomhtháthú laistigh de gach clár oideachais agus oiliúna.

TORADH

Seachadadh clár tosaigh scileanna digiteacha (EXPLORE) do 25 fostaí 35+ i sé chuideachta. Rinneadh é seo i gcomhar le Fóram Scileanna Réigiún an Iarthuaiscirt. Bhí na daoine a chríochnaigh EXPLORE ábalta dul ar aghaidh chuig cláir eile.

Mar pháirt den soláthar a rinneadh don Lucht Siúil agus don phobal Romach reáchtáladh cúrsaí i Matamaitic, Tástáil Teoirice Tiomána, Litearthacht agus 'Bia Sláintiúil ar Bhuiséad'. Tá ionadaíocht ag Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall ar an Fhóram um Oideachas Pobail.

QQI Leibhéal 1-3: Bhí fócas leanúnach in 2019 ar scileanna riachtanacha daoine a fhorbairt mar chuid den 'fhoghlaim théamach' (e.g. ríomhairí, cumarsáid, foghlaim teaghlaigh) chun deis níos fearr a thabhairt dóibh bogadh ar aghaidh go Leibhéal 4. Tairgeadh cúrsa samhraidh 'Tadhallchlóscríobh, Léigh agus Litriugh' in dhá shuíomh. Chuidigh an dianchúrsa sin le daoine a gcuid litrithe agus léitheoireachta a fheabhsú. I measc na ghlama téamaí ag Leibhéal 3 bhí 'Cumarsáid agus Stair', a seachadadh in dhá shuíomh.

Tugtar tacaíocht do dhaoine fásta faoi mhíchumas ionas gur féidir iad a áireamh i soláthar príomhshrutha. Tá saintrealamh agus sainteicneolaíochtaí ar fáil dóibh. Chuaigh ETB Dhún na nGall i dteagmháil le Cumann Náisiúnta na mBodhar (Deaf-Hear/Chime), le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus le Cumann Siondróm Down Dhún na nGall. Freastalaíonn an Soláthar Sainoiliúna ar dhaoine faoi mhíchumas fosta.

Cuid ríthábhachtach de chúrsaí FET is ea an teagmháil le Seirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh ETB Dhún na nGall a thugann comhairle agus treoir d'fhoghlaimoirí. Cuidíonn an tseirbhís seo le daoine na scileanna agus na buanna atá acu a aithint. Ansin is féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh maidir leis an phost ba chóir dóibh a lorg, nó b'fhéidir cúrsa a dhéanamh le FET nó san ardoideachas. Cuidíonn sé sin le fainne fí na dífhostaíochta fadtéarmaí a bhriseadh. In 2019, chuir Seirbhís Treorach ETB Dhún na nGall leagan nuashonraithe dá n-acmhainn 'Ticeáil an Bosca sin' ar fáil, a chuidíonn le foghlaimoirí páirt a ghlacadh i gcúrsaí agus a thugann uirlis tagartha dóibh is féidir leo a choinneáil.

Ó Mheán Fómhair 2017 tá gach mac léinn ag foghlaim faoi 'Folláine' le linn thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Tógann sé seo ar obair shubstaintiúil atá ar siúl cheana sa réimse sin i scoileanna, obair atá ag dul i bhfeidhm níos mó ar dhaltáí ar bhealach dearfach.

TOSAÍOCHT 5

Caighdeáin cháilíochta a choinneáil agus a fheabhsú trasna na gclár oideachais ar fad atá againn.

TORADH

Tá creataí Dearbhaithe Cáilíochta (QA) i bhfeidhm do gach clár atá á thairiscint ag ETB Dhún na nGall.

- Lean an Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí (2018-2020) idir SOLAS agus ETB Dhún na nGall air ag socrú an treo maidir le cláir agus seirbhísí FET a phleanáil agus a chur i bhfeidhm in 2019.
- Bunaíodh struchtúr nua rialtais agus bainistíochta le haghaidh dearbhú cáilíochta in FET. Cuireadh Comhairle Cáilíochta ar bun, in éineacht le fochoistí chun cláir, cáilíocht agus deimhniú a cheadú. Bhuail siad go léir le chéile go rialta. Ceapadh triúr saineolaithe seachtracha ar an Chomhairle Cáilíochta chun maoirseacht neamhspleách a sholáthar - Miriam O'Donohue, Paddy Hannigan agus Siobhan Magee.
- Tionóladh cruinnithe tosaigh le pleanáil don athbhreithniú reachtúil ar bheartais, ar nósanna imeachta agus ar phróisis QA FET, athbhreithniú a dhéanann an ghníomhaireacht Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Beidh an t-athbhreithniú sin ar siúl in 2020-2021.
- Forbraíodh rannán C&F/QA don fhoireann agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an ETB.
- Rinne ionaid for-rochtana óige ar fud an chontae meastóireachtaí ar a gcuid oibríochtaí, agus phleanáil siad feabhsúcháin. Cuid lárnach de na meastóireachtaí ba ea aiseolas ó fhoghlaimeoirí, ó fhostóirí agus ó thuismitheoirí.
- Tionóladh cruinníú 'Idirphlé Bliantúil' idir an ETB agus an QQI ar an 9 Bealtaine chun dul chun cinn ar an Phlean Feabhsúcháin Cáilíochta a phlé.

Seo a leanas sonraí maidir le cigireachtaí na Roinne Oideachais agus Scileanna in 2019:

Scoil / Ionad Cumasóige	Dátaí Cigireachta
Coláiste an Eargail, Leitir Ceanainn	Meastóireacht Scoile Uile
Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir	Meastóireacht Scoile Uile
Gairmscoil Chaitríona Na Cealla Beaga	Cigireacht Ábhair - Stair
Coláiste na Carraige, An Charraig	Cigireacht Ábhair - Baile Eacnamaíocht

TOSAÍOCHT 6

Páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta (ceithre scoil) trí chur le húsáid agus le caomhnú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil.

TORADH

Tá freagra an-dearfach faighte ó mhúinteoirí, ó dhaltáí agus ó thuismitheoirí maidir le pleananna le húsáid na Gaeilge a fhorbairt sna ceithre scoil - Coláiste Pobail Cholmcille, Toraigh, Gairmscoil Mhic Dhiarmada, Árainn Mhóir, Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Atha Móir agus Coláiste na Carraige. Bhí na scoileanna imníoch ag an tús mar gur shíl siad nach mbeadh tacaíocht iomlán na dtuismitheoirí agus na ndaltaí acu. In ainneoin roinnt dúshlán, áfach, bhí na scoileanna an-sásta leis na freagairtí dearfacha maidir le níos mó Gaeilge a bheith in úsáid i seomraí ranga agus sa chumarsáid i gcoitinne.



An tAire Oideachais Joe McHugh TD leis an fhoireann agus daltaí i gColáiste Cranncha ag searmanas bronnta teastas Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.



EOCHAIRTHÉAMA 2

EAGRAÍOCHT FHORÁSACH, CHUNTASACH

TOSAÍOCHT 7

Na struchtúir úra eagraíochtúla a chur i bhfeidhm le ETB Dhún na nGall a chumasú le feidhmeanna úra agus feabhsaithe a chur i gcrích.

TORADH

Eagraíocht atá ábalta seirbhís a chur ar fáil a bhaineann le feidhmeanna úra agus feabhsaithe do Bhoird Oideachais agus Oiliúna, feidhmeanna maidir le hoideachas, oiliúint agus riarachán.

- Ar an drochuair, is beag dul chun cinn a rinneadh maidir lenár gcás gnó a cuireadh faoi bhráid na Roinne Scileanna Oideachais (DES), ag lorg foirne agus acmhainní breise chun ligean d'ETB Dhún na nGall a chuid oibre a dhéanamh. Thug an ETB forbhreathnú ar a chuid oibríochtaí agus na dúshlán atá roimhe, chomh maith leis na réitigh atá beartaithe. Leag an cas gnó amach fosta na rioscaí a bhaineann le leanúint ar aghaidh ag oibriú gan foireann agus acmhainní leordhóthanacha. Tionóladh roinnt cruinnithe foirmiúla leis an ROS i rith 2019 agus d'fhreastail Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann orthu, an ghníomhaireacht a dhéanann ionadaíocht ar ETBanna, agus ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht ar an fhoireann. Cuireadh an tsaincheist faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Ní dhearnadh aon dul chun cinn, áfach. Ní mór don ROS aghaidh a thabhairt ar an chás sin faoi chéim a dó de na Struchtúir úra Dearaidh Eagraíochta do ETBanna.
- Lean na trí Fhóram Stiúrthóirí - Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD); Scoileanna; agus Breisoideachas agus Oiliúint (FET), a thuairiscíonn d'Fhóram na bPríomhfheidhmeannach - orthu ag teacht le chéile go rialta i rith na bliana. Chomhaontaigh siad straitéisí, beartais agus struchtúir tuairiscithe chun an cleachtas is fearr a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. Áiríodh leis an obair sin bunú Líonraí Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí Foirgníochta.
- Bhí cruinnithe rialta ann fosta do na coistí intí eile, mar shampla an Príomhfheidhmeannach agus an Grúpa Stiúrthóirí; an Fóram Feidhmiúcháin; an grúpa do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí, faoin Stiúrthóir Scoileanna an Dr Martin Gormley; agus foirne bainisteoirí sinsearacha agus comhordaitheoirí FET, faoin stiúrthóir FET, Cróna Gallagher, Uasal.
- Bunaíodh coiste intí le maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a dtugtar íocaíochtaí párolla agus airgeadais an ETB do chuideachta lárnach, Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais, arna bhunú ag an ROS. Roghnaíodh baill foirne leis an aistriú a stiúradh do phárolla agus d'airgeadas araon. Aontaíodh clár oibre agus tá sé á chur i bhfeidhm.

- Is é Coiste na Gaeilge an coiste s'againne a chuireann úsáid na Gaeilge chun cinn agus thug sé roinnt tionscnamh isteach, lena n-áirítear ranganna Gaeilge do bhaill foirne. Ghlac an coiste páirt in athbhreithniú ar Scéim Teanga an ETB fosta.
- Lean Coiste Maoiniúcháin agus Pleanála an ETB, a bhfuil foireann ardbhainistíochta ó OSD agus FET mar pháirt de, lean sé air ag teacht le chéile go rialta. Mar pháirt dá chuid oibre pléann sé le heagraíochtaí ar nós SOLAS, Ciste Sóisialta na hEorpa agus eile maidir le maoiniú. Rinne grúpa oibre FET eile maoirseacht ar bhainistíocht na sonraí.

TOSAÍOCHT 8

Athbhreithniú leanúnach ar cheanglais reachtacha / rialachais oibríochtaí ETB Dhún na nGall agus a chinntiú go gcuirtear na ceanglais chúí i bhfeidhm.

TORADH

Chloígh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall go hiomlán le gach riachtanas reachtach agus rialachais a bhaineann leis.

Lean ETB Dhún na nGall air a bheith eolach ar a chuid oibleagáidí i dtaca le reachtaíocht agus rialachas in 2019. Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Cód Cleachtas úr um Rialachas ETBanna (CL 0002/2019) isteach agus rinne an Bord agus Feidhmeannas an ETB breithniú air. Cuireadh na gníomhartha riachtanacha go léir i bhfeidhm ag cruinnithe Boird agus ag cruinnithe den Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca, den Choiste Airgeadais, de Bhoird Bainistíochta Scoileanna, agus den Choiste Oibre don Ógra. Chinntigh an ETB fosta gur chloígh sé leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus le reachtaíocht eile, mar aon le riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Athbhunú ETB Dhún na nGall

Athbhunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall i ndiaidh thoghchán na n-údarás áitiúil i mí an Mheithimh 2019. Bhí an chéad chruinniú iomlán den Bhord nua i Meán Fómhair 2019.

An Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca

Mar thoradh ar an Chód Cleachtas úr, a luaitear thuas, tháinig athrú ar an choiste um iniúcháireacht de chuid an ETB. Bhí triúr comhaltaí de Bhord an ETB agus triúr ball seachtrach i gceist sa choiste agus tháinig Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca (ARC) úr ina áit .i. triúr comhaltaí Boird ETB agus cúigear ball seachtrach. Fuair an coiste nua oiliúint ionductaithe ón Fhoras Riaracháin. Chlúdaigh sé sin reachtaíocht a rialaíonn ETBanna, agus an Cód Cleachtas úr fosta. Cuireadh oiliúint ar fáil fosta do Bhord iomlán an ETB i mí na Nollag 2019.

Tá ARC freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an Fheidhmeannas maidir leis an dóigh a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna. I rith na bliana, thug ARC dearbhuithe do Bhord an ETB faoi éifeachtacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh. Fuair ARC tuarascálacha ón lucht bainistíochta; iniúchadh seachtrach arna chur ar fáil ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste; agus iniúchadh inmheánach arna chur ar fáil ag an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí (IAU) – Boird Oideachais agus Oiliúna. Ina dhiaidh sin, fuair Bord an ETB tuairiscí ar chruinnithe ARC. Chuir an Bord torthaí agus moltaí ARC san áireamh agus na ráitis airgeadais bhliantúla á gceadú agus Ráiteas um Rialú Inmheánach á ghlacadh aige.

Cuireadh na beartais agus na nósanna imeachta éagsúla i ndáil leis an Chód Rialachais úr faoi bhráid Bhord ETB Dhún na nGall, uaslódáladh iad ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall agus scaipeadh iad ar lucht bainistíochta agus ar foireann an ETB.

An Coiste Airgeadais

Tháinig athrú ar chomhdhéanamh Choiste Airgeadais an ETB sa Chód Cleachtais nua fosta. Roimh an athrú, bhí ceathrar comhaltaí de bhord ETB Dhún na nGall agus ball seachtrach amháin ar an choiste. Bhí triúr comhaltaí den Bhord agus ceathrar comhaltaí seachtracha ar an Choiste Airgeadais nua. Lean an coiste air a bheith freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam/chaiteachas an Bhoird, agus ar ghnéithe airgeadais an Phlean Oideachais agus an Phlean Seirbhíse Oiliúna araon. Fuair Bord an ETB miontuairiscí chruinnithe an Choiste Airgeadais lena mbreithniú agus chun a chinntiú do chomhaltaí an Bhoird go raibh na pleananna sin á gcur i bhfeidhm.

Bainistíocht Riosca

Leanadh den obair i rith 2019 ar athbhreithniú agus nuashonrú na gClár Riosca Corparáideach, Scoileanna agus FET, a mheasann an Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca. D'fhorbair *IPB Insurances* uirlis mheasúnaithe chun cabhrú le ETBanna a thomhas cé chomh maith agus a bhí siad ag cloí leis an Chód Cleachtais úr. Chuir IPB ceardlanna ar an láthair ar fáil fosta d'fheidhmeannas an ETB agus ceardlanna leantacha ar na Cláir Riosca atá ann cheana. Mar thoradh air sin forbraíodh Cláir Riosca aonair do réimsí an ETB lena n-áirítear Airgeadas, Soláthar, TFC, AD, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Foirgníochta agus Bainistíocht Eastát agus Sláinte agus Sábháilteacht. Lean an obair sin ag cur le feachtas maidir le réimse iomlán na bainistíochta riosca.

Rialú inmheánach

Tá freagracht fhoriomlán ar an Bhord as a chinntiú go réachtáiltear an ETB go maith. In 2019 rinne comhaltaí an Bhoird athbhreithniú ar an dóigh ar fheidhmigh cláir an ETB maidir le spriocanna agus buiséid. D'fhéach siad fosta ar cé chomh maith agus a chuirtear na córais, na nósanna imeachta agus na rólí phoist in oiriúint chun déileáil go rathúil leis an ualach oibre dúshlánaí. Rinne an Bord a athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha agus chuir sé tuarascáil ón Choiste Iniúchta san áireamh.

Pléadh leis na hIniúchtaí seo a leanas le linn 2019:

- Iniúchadh an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG) ar chuntais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019;
- Aonad Iniúchta Inmheánaigh - ETBanna (IAU): athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras TFC agus rialuithe líonra (fós ag dul ar aghaidh);
- IAU: athbhreithniú ar sholáthraithe sainoiliúna i Seirbhísí Oiliúna;
- IAU: Oiliúint ar Conradh;
- IAU: Sláinte & Sábháilteacht (cuireadh tús leis i lár mhí na Nollag 2019).

Cosaint Leanaí

Tá ról tábhachtach maoirseachta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) lena chinntiú go bhfaigheann ár leanaí uilig cúram agus cosaint den chaighdeán is airde inár scoileanna. I mí Eanáir 2019, d'fhoilsigh Cigireacht na ROS sonraí faoin dóigh a raibh siad chun Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CPSIanna) a chur i bhfeidhm. Dírionn na cigireachtaí sin go mion ar an dóigh a bhfuil scoileanna ag cloí le príomhghnéithe de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017. D'fhreastail bainisteoirí sinsearach ETB, lena n-áirítear Teagmhálaithe Ainmnithe agus roinnt Leas-Teagmhálaithe Ainmnithe, ar sheisiúin oiliúna.

Ráitis Airgeadais 2019

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil Ráitis Airgeadais Bhliantúla ETB Dhún na nGall don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 faoi réir iniúchta ag an C&AG agus Tuarascáil Bhliantúil ETB Dhún na nGall á foilsiú do 2019. Foilseoidh ETB Dhún na nGall na ráitis airgeadais iniúchta i ndiaidh don Roinn Oideachais agus Scileanna a chur in iúl go hoifigiúil gur leagadh na Ráitis Airgeadais iniúchta os comhair dhá Theach an Oireachtais agus go bhfuil siad glanta lena bhfoilsiú.

TOSAÍOCHT 9

Ag eascairt as comhtháthú leanúnach na seirbhísí oideachais agus oiliúna, agus cur i bhfeidhm Thionscadal na Seirbhísí Comhroinnte, le sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar thosaíochtaí eagraíochtúla agus ar róil phoist dá réir.

TORADH

Fianaise shoiléir ar chórais éifeachtacha, ar chaidrimh oibre agus ar róil phoist laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

Soláthraíonn roinn Acmhainní Daonna (AD) ETB Dhún na nGall tacaíocht i roinnt réimsí, lena n-áirítear:

- Acmhainní/leithdháileadh foirne AD
- Earcú agus Roghnú
- Oibríochtaí AD a chuimsíonn *CoreHR* agus córas éilimh ar líne do mhúinteoirí páirtaimseartha
- Aoisliúntas/Pinsin
- Sláinte agus folláine an fhostaí
- Bainistíocht conartha
- Oiliúint agus Forbairt
- Caidreamh Tionsclaíoch

I measc na saincheisteanna a raibh tionchar acu ar obair AD in 2019 bhí comhtháthú seirbhísí oideachais agus oiliúna, agus aistriú seirbhísí párolla agus airgeadais chuig oibríocht láraithe faoi Thionscadal Seirbhísí Scaireanna ROS.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar chórais AD agus bhreathnaigh sí ar chaidrimh oibre agus ar shainchuntais phoist sna príomhréimsí AD:

Acmhainní/leithdháileadh foirne AD

Leithdháileadh foirne teagaisc:

Ba é Leithdháileadh Múinteoirí deiridh ETB Dhún na nGall do 2019 (don bhliain acadúil 2019/2020) ná 484.16 coibhéis lánaimseartha de réir imlitreacha ón Roinn Oideachais agus Scileanna (DES).

Leithdháileadh foirne riaracháin:

Déanann an Roinn Oideachais & Scileanna leithdháileadh ar an Fhoireann Riaracháin ar an bhunús seo a leanas:

- foirmlí comhaontaithe maidir le riarthóirí scoilbhunaithe
- comhaontuithe idir an ROS agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Cláir FET

Leithdháileadh foirne cothabhála

Déanann an ROS cinneadh maidir le líon na foirne cothabhála ar bhonn líon daltaí ar rolla. Déanann an ROS athbhreithniú ar leithdháileadh agus tugann sé comhairle do HR faoi aon athruithe.

Foireann do chlár FET

Arís tugann an ROS comhairle maidir le líon na foirne cothabhála bunaithe ar líon daltaí ar rolla, agus tugann sé comhairle do AD faoi athruithe. Maidir le foireann neamhtheagaisc i gcoitinne, tá leibhéal foirne ceadaithe ag an ETB.

Seolann HR tuairisceáin chuig an ROS gach ráithe.

Earcú agus Roghnú


- Mar thoradh ar mhéadú ar earcaíocht rinneadh athbhreithniú ar Earcaíocht agus Roghnú (R&S). Tugadh an jab do chomhalta amháin den fhoireann déileáil le gach folúntas ceadaithe sa Bhreisoideachas agus Oiliúint (FET).
- D'fhéach AD ar shainchuntais phoist sa Roinn maidir leis an ualach oibre. Cuireadh foireann de thriúr (pearsanra R&S) ar bun; bhí gach duine acu ag bainistiú ceann de 'philéir' an ETB- FET; Scoileanna; agus Eagrú, Tacaíocht agus Forbairt.
- Ceapadh beirt bhall foirne chun déileáil leis an ualach oibre méadaithe a bhaineann le feachtas earcaíochta an tsamhraidh, a chuimsíonn go príomha folúntais múinteoirí a líonadh roimh thús na scoilbhliana. Tháinig ball foirne amháin ón rannóg pinsean agus ball eile ó chroí-oibríochtaí. Chruthaigh sé sin fadhbanna sa dá réimse sin ar feadh tamaill ach bhí buntáistí i gceist fosta maidir le taithí foirne a thabhairt ar fud réimsí éagsúla AD. Tionscnamh rathúil a bhí ann agus cuirfear i bhfeidhm é i gcomhair feachtais earcaíochta samhraidh amach anseo.



Grianghraf grúpa ag an lá ionductaithe do mhúinteoirí nua le ETB Dhún na nGall i mí Lúnasa 2019. Cuimsíonn an tsraith tosaigh, an lár ó chlé, an Dr Martin Gormley, Stiúrthóir Scoileanna; Anne McHugh, Príomhfheidhmeannach; agus Eileen Doherty, Ceannasaí Acmhainní Daonna.

Seo iad na folúntais a líon an Roinn Acmhainní Daonna trí phróisis fhoirmiúla earcaíochta agus roghnóireachta in 2019 (tá cineálacha éagsúla san áireamh - buan, téarma seasta, sainchuspóir agus gníomhach):

Poist Mhúinteoireachta	44	Cothabháil (airíoch/glantóir)	2
Ceannaireacht agus bainistíocht i scoileanna (áirítear poist freagrachta, comhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus an phobail)	25	Teagascóirí FET	2
Príomhoide/leas-phríomhoide	9	Eagraí FET (Litearthacht)	4
Cléireachais agus riaracháin (Grád 3 go Grád 7) lena n-áirítear trí phost SÍOCHÁIN IV	42	Comhordaitheoir Chumasóige	1
Gráid Áisitheora Oideachais Pobail ceangailte le FET	2	Bainisteoir cúnta (FET)	1




Oibríochtaí AD a chuimsíonn an córas éilimh ar líne do mhúinteoirí páirtaimseartha (PTT)

- Mar thoradh ar an Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte athailníodh dualgais i réimse Oibríochtaí CORE HR. Leagadh an cúram ar ball den fhoireann AD maidir le córas ar líne a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach chun íocaíochtaí do mhúinteoirí páirtaimseartha a láimhseáil ag gach ionad FET agus ansin chun an córas PTT sin a bhainistiú do gach scoil agus ionad. Mar thoradh ar an tionscadal sin aistríodh ó éilimh pháipéarbhunaithe go héilimh ar líne.

Iarratais ar chothromaíocht oibre is saoil agus saoire

Aithníonn ETB Dhún na nGall riachtanais agus oibleagáidí pearsanta na foirne agus déanann sé iarracht freastal ar iarratais ar chineálacha éagsúla saoire. Seo iad na hiarratais a próiseáladh don fhoireann le linn 2019:

Saoire Mháithreachais	42	Postroinnt	35
Saoire Thuismitheoireachta	36	Comhroinnt Oibre	22
Ar iasacht	5	Sos Gairme	20
Saoire Cúramóirí	4	Saoire Atharthachta	16



Pinsin/Aoisliúntas

Tugadh roinnt tacaíocht bhreise don rannóg Pinsean i rith na bliana le cuidiú leo próiseáil a dhéanamh ar leibhéal méadaithe fiosrúcháin ó fhoireann FET. Thosaigh an rannóg ag ullmhú le haghaidh athruithe fosta mar gheall ar Thionscadal Seirbhísí Comhroinnte ROS, a luadh níos luaithe.

Sochar aoisliúntais agus scoir

Seo roinnt sonraí maidir le rannóg Pinsean an ETB in 2019, ag tosú le hainmneacha na scéimeanna éagsúla:

Scéim Aoisliúntais Mhúinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2015

Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais, 2015

Scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí, 2012

Scéim Dhúnta FÁS

Scéim Oscailte FÁS

Líon na ndaoine ar scor le linn 2019	15
Líon nuashonraithe na ndaoine ar scor ag deireadh 2019	273

Sláinte agus Folláine Fostaithe

- Tá dualgas cúraim ar ETB Dhún na nGall maidir le sláinte agus folláine a 1,500+ ball foirne. Bunaíodh Grúpa Straitéiseach Folláine san Ionad Oibre in 2019 le hionadaithe ó gach cuid den eagraíocht. Tháinig an grúpa le chéile cúig huairé in 2019.
- Rinneadh suirbhé folláine i measc na foirne go léir in earrach na bliana 2019. Bailíodh na torthaí ó gach ionad oibre agus rinneadh achoimre orthu. D'aithin an suirbhé gníomhaíochtaí folláine atá ann faoi láthair, agus rinne baill foirne moltaí maidir le gníomhaíochtaí eile.
- D'ainmnigh gach ionad oibre duine éigin le folláine a chur chun cinn ann. Cuireadh torthaí an tsuirbhé ar fáil do gach ceann de na tionscnóirí sin .i. na torthaí a bhain lena n-ionaid oibre féin.
- Tionóladh an chéad chruinniú den Ghrúpa Tionscnóirí Folláine in Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin i Meán Fómhair 2019, le tacaíocht ón phríomhfheidhmeannach agus ó na stiúrthóirí. Bunaíodh grúpa roinnte thiomántán agus ríomhphost Google chun acmhainní agus smaointe a roinnt ar ghníomhaíochtaí folláine a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach.

Bainistíocht conartha

Déileálann an fhoireann Earcaíochta agus Roghnúcháin le bainistíocht conartha d'fhostaithe an ETB de réir dlíthe fostaíochta. Cuireadh an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018 i bhfeidhm i Márta 2019. Chuaigh an roinn i gcomhairle le bainisteoirí líne agus chuir sí córais earcaíochta úra i bhfeidhm le cloí leis an Acht.

Oiliúint agus forbairt

In 2019 tugadh isteach na réimsí úra oiliúna agus forbartha seo a leanas:

- Oiliúint maidir le seirbhís do chustaiméirí don fhoireann cléireachais agus riaracháin go léir;
- Oiliúint chreidiúnaithe ardbainistíochta / meánbhainistíochta - clár 'Ag Bainistiú Daoine';
- Diplóma sa Dlí Fostaíochta do phearsanra AD agus do lucht ardbhainistíochta/meánbhainistíochta;
- Oiliúint TFC i dtaca le *Google Drive* agus *Google Hangouts*.

TOSAÍOCHT 10

Réimse deiseanna foghlama agus tacaíochtaí a chur ar fáil do bhaill foirne le cur le hacmhainn na heagraíochta agus le cur le caighdeán an tsoláthair oideachais agus oiliúna.

TORADH

Eagraíocht dhinimiciúil a fhreagraíonn go gasta agus go héifeachtach ar athruithe.

Bhí seisiún oiliúna ann do chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta i mí na Nollag 2019. Ba é fócas na hoiliúna:

- Ról an chomhalta BOM;
- Oiliúint um chosaint leanaí agus measúnú riosca;
- Alt 29 Diúltú dalta a Chlárú/dalta a chur ar fionraí ó scoil/dalta a eisiamh go buan ó scoil;
- Cigireachtaí scoile uile.

Thairg an Institiúid Oideachais in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, le tacaíocht ó ETB Dhún na nGall agus ETB Mhaigh Eo, Liatroma agus Shligigh, an Diplóma Iarchéime sa Treoirchomhairleoireacht mar chlár for-rochtana i Sligeach. Aithníonn an ROS agus Institiúid na gComhairleoirí Treorach an clár páirtaimseartha 18 mí sin mar chleachtas gairmiúil do threoirchomhairleoir.

Ghlac foireann FET 613 áit san iomlán ar chláir forbartha gairmiúla in 2019. Snáithe tábhachtach den Fhorbairt Phearsanta Leanúnach seo (CPD) ba ea oiliúint le cuidiú leo tacú le mic léinn a bhfuil deacrachtaí foghlama agus saincheisteanna meabhairshláinte acu. I measc na samplaí de réimsí a clúdaíodh bhí: Oiliúint i Scileanna Feidhmeacha Idirghabhála i dtaca le Féinmharú. Gnéithe eile de CPD in 2019:

- Reáchtáladh seimineár ar 'Ag Obair le Foghlaiméoirí a bhfuil Saincheisteanna Meabhairshláinte acu' do 24 ball foirne FET, ag cur leis an 75 ball foirne a clúdaíodh in 2018.
- Cuireadh oiliúint ar fáil chun scileanna na foirne a reáchtálann an *Triail Ghnóthachtála Raon Leathan* a nuashonrú.
- Fuair foireann treorach oiliúint le tacú le cliant a bhfuil foréigean teaghlaigh nó rialú comhéigheach á ndéanamh orthu.
- Thug seisear ball foirne ó Sheirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh FET faoi dhá mhodúl (QQI Leibhéal 6 um Obair Foirne agus Bainistíocht Imeachtaí QQI Leibhéal 6) ag baint úsáide as an phróiseas Aitheantais Réamhfhoghlama.
- Reáchtáil Oifigeach Cumarsáide ETB Dhún na nGall an Dr Sandra Buchanan trí sheisiún eolais don fhoireann ar úsáid na meán sóisialta. Bhí seisiún ann don fhoireann riaracháin i mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair, agus ceann i mí Lúnasa do chúntóirí riachtanas speisialta.

TOSAÍOCHT 11

Teicneolaíochtaí úra agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid le cur le tacaíocht agus le forbairt eagraíochta.

TORADH

Níos mó úsáide á baint as na Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide ábhartha agus bogearraí gaolmhara:

- D'fhorbair ETB Dhún na nGall córas ar líne chun miontuairiscí an Bhoird Bainistíochta inár scoileanna a thaifeadh agus a cheadú. Rinne roinnt scoileanna an córas sin a phíolótú sular cuireadh i bhfeidhm ar bhonn céimneach i nGaeilge agus i mBéarla é.
- Lean scoileanna orthu ag forbairt ábhair faoin tionscadal Cruthaithe Ábhair. D'úsáid múinteoirí an taithí a fuair siad sa tionscadal sin nuair a chuir siad oiliúint ar fáil ar *Google Classroom* agus ar theagascóirí FET.
- Soláthraíonn *File Stream*, a cuireadh i bhfeidhm ar bhonn céimneach don fhoireann go léir faoin tionscadal uasghrádaithe Windows 10, cúltaca agus stóráil ar líne don fhoireann uilig. Cuireann úsáid na bhFillteán Comhroinnte, atá forleathan san eagraíocht anois, comhoibriú chun cinn agus cuireann sé feabhas ar an sreabhadh sonraí.
- Cuireadh *Google Meet* chun cinn mar an modh réamhshocraithe físchomhdhála san eagraíocht. Úsáideadh é seo le haghaidh cruinnithe agus agallaimh araon agus soláthraíonn sé bonneagar seasmhach don seomra ranga ar líne amach anseo.

TOSAÍOCHT 12

Straitéis cumarsáide atá soiléir agus éifeachtach a fhorbairt do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

TORADH

Tá níos mó muiníne agus tuiscint níos doimhne ag na páirtithe leasmhara go léir maidir le ETB Dhún na nGall agus a ról, a fhreagrachtaí agus a sheirbhísí.

In 2019 lean ETB Dhún na nGall air ag cur an pobal ar an eolas faoina chuid oibre ar bhealaí éagsúla; seo a leanas cuid acu.

Straitéiseach Tháinig Grúpa Comhairleach Cumarsáide ETB Dhún na nGall le chéile ceithre huairé in 2019. Tugann sé treoir straitéiseach maidir le cúrsaí cumarsáide i seacht bpríomhréimse:

- o Straitéiseach
- o Na Meáin Chumarsáide/Preas
- o Cumarsáid Dhigiteach
- o Cumarsáid Chorporáideach
- o Cumarsáid Inmheánach
- o Cumarsáid Ghéarchéime
- o Margaíocht

Meáin/Preas

Eisíodh 29 preasráiteas i rith na bliana chuig soláthraithe áitiúla: cló, raidió agus meáin ar líne. I measc na samplaí tá eisiúint ar Ghradaim Bhliantúla ETB Dhún na nGall ar an 21 Márta agus ceann eile ar Lá Fiontraíochta do Scoileanna agus d'Ionaid Chumasóige ar an 16 Deireadh Fómhair. Clúdaíodh an dá cheann go forleathan.

Fuair go leor de scoileanna ETB Dhún na nGall clúdach fairsing ar a gcuid gníomhaíochtaí agus a gcuid éachtaí sna páipéir áitiúla, ar an raidió agus ar líne.


Cuireadh 53 scéal nuachta san iomlán ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall agus roinneadh iad ar ár n-ardáin mheán sóisialta éagsúla. Chlúdaigh siad seo gach gné den eagraíocht - seirbhísí corparáideacha (14), scoileanna (17) agus seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (22).

Rinneadh monatóireacht ar na meáin i rith na bliana.

- **Cumarsáid Dhigiteach**

Mhéadaigh ETB Dhún na nGall a aschuir cumarsáide digití in 2019 trí úsáid a bhaint as a shuíomh gréasáin agus a ardáin meán sóisialta chun feachtas ar a bhranda a ardú, a chuid oibre a chur in iúl agus teagmháil a dhéanamh lena lucht féachana agus pobail iomadúla ar fud an chontae agus ar a chuid oileán.

Sa chéad leath de 2019 rinne ETB Dhún na nGall athdhearadh iomlán ar an suíomh gréasáin. Seoladh an suíomh nuadheartha (www.donegaletb.ie) ar an séú breithlá den suíomh gréasáin ar an 01 Iúil 2019. Tugadh clúdach ollmhór don seoladh ar shuíomhanna gréasáin na meán áitiúil, ar an raidió agus ar na meáin shóisialta.



Tá láithreachas shuntasach ag ETB Dhún na nGall ar na meáin shóisialta trína iarrachtaí corparáideacha, a scoileanna, an tSeirbhís FET, Ionaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin agus Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall. I measc na n-ardán tá Facebook, Twitter, YouTube agus LinkedIn. In Aibreán 2019 d'oscail ETB Dhún na nGall cuntas corparáideach Instagram agus ghnóthaigh sé díreach os cionn 1,200 leantóir faoi dheireadh na bliana.

Maidir le slataí tomhais ratha eile, lean ETB Dhún na nGall ag cur lena chuid leantóirí ar gach ardán in 2019.

Cuireadh le líon na leantóirí ar Facebook, an t-ardán meán sóisialta is mó atá ag an ETB; d'ardaigh an figiúr ó 1,548 le linn na bliana, ó 5,299 go 6,847. Ba é an méadú in 2018 ná 1,388.

Oscailíodh cuntas LinkedIn an chuideachta i mBealtaine 2017 agus cuireadh le líon na leantóirí, ó 418 go 1,123.

Bhí 3,104 leantóir ag cuntas Twitter ETB Dhún na nGall ag deireadh 2019, suas ó 2,251 ag deireadh 2018. Bhí 1.86 milliún imprisean ag an chuntas in 2019, suas ó 1.73 milliún in 2018 agus méadú ollmhór ar a 138,800 imprisean in 2016 nuair a cruthaíodh ról an Oifigigh Cumarsáide (ar bhonn páirtaimseartha ag an am sin; rinneadh post lánaimseartha de i 2019).

I mí an Mheithimh 2019, d'athraigh ETB Dhún na nGall a lógó chuig na dathanna Bróid ar a ardáin mheán sóisialta i ndlúthpháirtíocht lena mhic léinn agus a bhfoireann LGBTI+. Ba é an chéad ETB sa tír a rinne é sin.

Baineadh níos mó úsáide as dhá cheann de haischlibeanna pearsantaithe ETB Dhún na nGall, #WeAreDonegalETB agus #GoFurtherWithDonegalETB ar fud na heagraíochta; d'úsáid scoileanna agus FET iad go háirithe.

Cuireadh físeáin úra leis an chuntas YouTube in 2019. Cruthaíodh trí 'fhíseán míniúcháin' beochana do shuíomh gréasáin úr an ETB a chlúdaíonn gnéithe tábhachtacha d'obair an ETB:

- ETB Dhún na nGall (ginearálta): <https://www.youtube.com/watch?v=cRVtAaQnOMk>
- scoileanna/oideachas lasmuigh agus ceoil/seirbhísí ógra: <https://www.youtube.com/watch?v=6h6j0AFsA-4>
- Seirbhís FET: <https://www.youtube.com/watch?v=JqcGWJf8tEM>

Rinneadh searmanas bronnta bliantúil 2019 ETB Dhún na nGall ar an 21 Márta a shruthlú tríd an chuntas YouTube agus cruthaíodh físeán:

[https://www.youtube.com/watch?v=nLeDrNIES2k&list=PL1HRy1EecPt387dBGDwvpqCDhF_OFIC_Zw & index = 1](https://www.youtube.com/watch?v=nLeDrNIES2k&list=PL1HRy1EecPt387dBGDwvpqCDhF_OFIC_Zw&index=1)

Lean ETB Dhún na nGall air ag tacú lena scoileanna agus lena ionaid maidir le húsáid na meán sóisialta. Cuireadh comhairle ar roinnt scoileanna a úsáideann cuid mhór bealaí maidir leis an dóigh lena straitéis a dhíriú. I gcodarsnacht leis sin, tugadh cúnamh do dhaoine eile láithreach a bhunú. Mar shampla, ní raibh na meáin shóisialta in úsáid ag Gairmscoil Mhic Dhiarmada ar Árainn Mhór ar chor ar bith ach faoi dheireadh 2019 bhí cuntais Twitter, Facebook agus Instagram oscailte acu.

Chuir an tOifigeach Cumarsáide an Dr Sandra Buchanan cás-staidéar cumarsáide digití ETB Dhún na nGall i láthair, 'Na meáin shóisialta a chomhtháthú ar fud ár n-eagraíochta', ag an dara Cruinniú Mullaigh Margaíochta Digití san Earnáil Phoiblí i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh 2019. D'fhreastail níos mó ná 200 margóir san earnáil phoiblí ar fud na seirbhíse poiblí ar an chomhdháil.

- **Cumarsáid Chorporáideach**

Croífhóireann de thriúr Stiúrthóirí ETB Dhún na nGall, Ceann na Seirbhísí Corparáideacha, Oifigeach Cumarsáide, Bainisteoir na Seirbhíse Ceoil agus riarachán na Seirbhísí Corparáideacha a chuir Tuarascáil Bhliantúil 2018 ETB Dhún na nGall le chéile.

Scríobhadh alt do phacáiste Chomhairle Contae Dhún na nGall d'iriseoirí le haghaidh a chomh-mhisin trádála le Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin chuig na Stáit Aontaithe i mí na Samhna 2019. Bhí an Príomhfheidhmeannach agus Bainisteoir Oiliúna Limistéir ETB Dhún na nGall mar chuid den mhisean.

Go luath in 2019 chuaigh cuideachta léiriúcháin scannán agus teilifíse, *EZ Films*, i dteagmháil le ETB Dhún na nGall le hiarraidh air páirt a ghlacadh i sraith do TG4 darb ainm '*Creative Company*'. Bhí seisear ball foirne, triúr acu ina gcainteoirí Gaeilge, ina n-ionadaithe don ETB sa tsraith. Ba iad Jim McGlynn, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Derval Newman, Oifigeach Tacaíochta Gaeilge; Cróna Kerr, Múinteoir Ealaíne agus Dearaidh le FET i Srath an Urláir; Marie Crossan, Múinteoir Ealaíne, Coláiste an Eargail, Leitir Ceanainn; Blaine Ó Maolagáin, Múinteoir Teicneolaíochta Ábhar Adhmad, Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn; agus Colm Richardson, Bainisteoir Oiliúna Cúnta, Ionaid Oiliúna Leitir Ceanainn agus Ghaoth Dobhair, Seirbhís FET. Rinneadh an scannánaíocht sna hoifigí riaracháin i Leitir Ceanainn, ag Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin agus i gColáiste Ailigh. Bhí an tsraith sceidealaithe d'am éigin luath i 2020.

- **Cumarsáid Inmheánach**

In éineacht le hathdhearadh an tsuímh gréasáin, forbraíodh inlíon foirne nua le cumarsáid inmheánach fheabhsaithe a chur chun cinn.


Mar a luadh cheana, faoi thosaíocht 10, réachtáil an tOifigeach Cumarsáide trí sheisiún eolais don fhoireann maidir leis an dóigh a bhfuil ETB Dhún na nGall ag úsáid na meán sóisialta.

- **Margaíocht**

Úsáideadh réimse leathan modhanna cumarsáide le tacú le gníomhaíochtaí margaíochta in 2019. Mar aon le margaíocht a luadh cheana, áiríodh ar ghníomhaíochtaí breise bróisiúr mionsonraithe don tseirbhís FET agus réamheolaire FET 2019, arna ullmhú ag an Oifigeach Cumarsáide i gcomhar le baill foirne ón tSeirbhís Treorach d'Aosaigh agus ón Fhoireann Earcaíochta FET.

Lean ETB Dhún na nGall ag obair go straitéiseach leis an soláthraí meán ar líne *Donegal Daily* leis an tseirbhís FET agus an ETB a chur chun cinn go ginearálta. Foilsíodh naoi bhfógarfhocal in 2019 (*liostaithe in Aguisín C*).

In 2019 aistríodh an tAonach FET bliantúil ó Eanáir go Samhain ionas go mbeadh sé ar siúl ag an am céanna leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme. Réachtáladh thar dhá lá é seachas lá amháin le freastal ar lucht fágála scoile agus ar ghnólachtaí. Rinneadh go leor oibre ar fheachtas bolscaireachta leis an Aonach a chur chun cinn trí fhógraíocht chlóite agus dhigiteach.



Rinne cumarsáid amhairc ETB Dhún na nGall dul chun cinn in 2019 fosta:

- Cuireadh tús le hobair ar fhíseáin bolscaireachta do na cúrsaí iar-Ardteistiméireachta (PLC) a thairgeann an tseirbhís FET i gColáiste an Eargail i Leitir Ceanainn, i gColáiste Ghleann na Finne i Srath an Urláir agus i nGairmscoil Chaitríona ar na Cealla Beaga.
- Cuireadh banc grianghraf gairmiúil le chéile don eanáil FET, lena n-áirítear PLCanna agus ionaid FET i mBaile Dhún na nGall agus i mBaile na nGallóglach agus cúrsa FET ag Ionad Oideachais Allamuigh Ghartáin.
- Cuireadh preabmheirgí brandáilte ar fáil do scoileanna agus d'ionaid le húsáid ag imeachtaí mar oícheanta oscailte nó searmanais bronnta dámhachtainí.
- Forbraíodh treoirínte fosta d'fhoireann FET maidir le fógraíocht chlóite.

Rinneadh obair ar roinnt nuachtlitreacha áitiúla agus náisiúnta. Cuireadh ceithre nuachtlitir le chéile don chlár Cumasóige. Cuireadh alt le nuachtlitir 2019 de Chiste Sóisialta na hEorpa, alt a leag béim ar luach na glár cómhaoinithe CSE/ESF faoin tseirbhís FET.

Scríobhadh sé alt do ríomhíris ETBI i Meitheamh, Lúnasa agus Nollaig 2019. Bhí go leor éagsúlachta ann:

Meitheamh 2019:

1. Bronnann ETB Dhún na nGall teastais QQI ar 188 ball foirne 'Foyle Donegal';
2. Seolann ETB Dhún na nGall Cúrsa Oiliúna Úr san Uath-thástáil Bogearraí i G-teic @Gaoth Dobhair;
3. Bhí páirt ag printíseach de chuid ETB Dhún na nGall in "*Totally Dublin*".



Lúnasa 2019:

4. Ball foirne de chuid ETB Dhún na nGall ceaptha mar Shaineolaí *World Skills Ireland*: an chéad teagascóir táthúcháin ETB riamh roghnaithe go náisiúnta.

Nollaig 2019:

5. Baineann printísigh ETB Dhún na nGall teastais amach
6. Labhraíonn an t-eolaí aeráide an tOllamh Emeritus John Sweeney le soláthraithe oideachais pobail Dhún na nGall

Chuir seirbhís FET de chuid ETB Dhún na nGall scéalta agus eolas ar fáil do shuíomh gréasáin náisiúnta úr FET, www.thisisfet.ie (*féach naisc in Aguisín D*)

Fuair an tseirbhís FET go leor poiblíochta sna meáin i ndiaidh don teagascóir táthúcháin Cathal McGee a bheith ar an chéad duine ón earnáil ETB a ceapadh mar Shaineolaí *WorldSkills* in Éirinn. Áiríodh leis seo oiliúint trí mhí a sholáthar san Ionad Oiliúna do Christopher Kehoe as Loch Garman sula ndearna Christopher ionadaíocht d'Éirinn i dtáthú ag craobhchomórtais *WorldSkills* sa Rúis i mí Lúnasa. Bronnadh Bonn ar Christopher as Barr Feabhais.

D'amharc níos mó ná 79,000 duine ar phostálacha maidir le Cathal agus Christopher ar ardáin shóisialta ETB Dhún na nGall. Tháinig ardú 217% ar líon na leantóirí a bhí ag ETB Dhún na nGall ar *LinkedIn* i mí Lúnasa mar gheall ar an phoiblíocht sin.



EOCHAIRTHÉAMA 3

AG OBAIR LE COMHPHÁIRTITHE

TOSAÍOCHT 13

Tógáil ar chaidrimh atá bunaithe cheana féin le grúpaí áitiúla pobail agus le comhpháirtithe cuí deonacha, reachtúla agus trasteorann agus le fostóirí le hoibriú i dtreo comhspricanna.

TORADH

Comhpháirtíochtaí láidrithe ag soláthar cuir chuige atá níos dírithe ar dheiseanna foghlama agus fostaíochta.

Oibrithe túslíne a oiliúint chun cabhrú le daoine a bhfuil fadhbanna drugaí acu - Thug ETB Dhún na nGall le tacaíocht ó Thascfhórsa Réigiúnach an Iarthuaiscirt um Dhrugaí agus Alcól deiseanna oiliúna agus oideachais do níos mó ná dhá chéad gairmí. Ina measc bhí oibrithe sóisialta, altráí míochaine agus síciatracha, gardaí, comhairleoirí, múinteoirí, oibrithe don ógra, oibrithe pobail, oibrithe cúraim shóisialta, oifigigh chustaim agus oibrithe promhaidh.

Leanadh den obair chomhpháirtíochta in 2019 leis an Fhóram maidir le hAlcól agus le LYIT ar dhearadh agus ar sheachadadh Máistir Eolaíochta in Idirghabhálacha Teiripeacha i dtaca le hAlcól agus Drugaí eile. Tá ionadaíocht ag ETB Dhún na nGall ar roinnt comhlachtaí atá ag obair sa réimse sin. Ina measc seo tá an Tascfhórsa réamhluaite agus a fhoghrúpaí, a dhéileálann le fadhbanna a chosc, oideachas, cóireáil agus athshlánú fosta. I measc na gcomhlachtaí eile tá: Clár Náisiúnta Oiliúna Andúile FSS, Grúpa Comhairleach na Scoileanna maidir le hoiliúint múinteoirí i gcúrsaí alcóil agus drugaí eile, réigiún an Iarthuaiscirt, agus an grúpa comhairleach maidir le haghaidh a thabhairt ar úsáid substaintí i gclubanna spóirt.

Naisc trí cheol go náisiúnta agus go háitiúil - In 2019 lean Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP) ag forbairt a nasc le go leor eagraíochtaí i nDún na nGall agus níos faide i gcéin. Ina measc bhí:

- an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, áit a bhfuil an DMEP lonnaithe agus a bhí ina ionad le haghaidh teagaisc, ceardlann agus ceolchoirmeacha DMEP;
- Amharclann an Ghrianáin, a d'óstáil dhá cheolchoirm Nollag DMEP agus dhá cheolchoirm de chuid Cheolfhoireann Óige Dhún na nGall in 2019;
- Comhairle Contae Dhún na nGall, maidir le tionscadal ceoil dhigitigh Shíocháin IV agus tionscnaimh eile, mar shampla Oíche Chultúir agus *Choir of Ages*;
- Scoil Cheoil Samhraidh Dhún na nGall, a raibh ochtar mac léinn aici ar sparánachtaí DMEP i mí Iúil 2019;
- Cumann Ceoil Aireagail Dhún na nGall, go háirithe maidir le 6ú Féile Ceoil Aireagail Dhún na nGall i mí Dheireadh Fómhair 2019;
- Gaelscoil Naomh Adhamhnáin i Leitir Ceanainn agus scoileanna eile a fuair iasachtaí ionstraim DMEP;
- Tá ionaid teagaisc ag an DMEP i scoileanna an ETB, le sceideal gnóthach i gColáiste Eargail go háirithe.

Ar leibhéal náisiúnta chuaigh bainisteoir forbartha ceoil an DMEP, Martin McGinley, ar bhord Chumann Ceolfhoirne Óige na hÉireann. D'fhreastail sé ar chruinnithe rialta den Líonra Ceannaireachta um Ghiniúint Ceoil (MG) i gCé na Cúile Báine i dTiobraid Árann. Reáchtáil an DMEP ceardlanna ceoil arís i gcomhar leis an Líonra Ceoil náisiúnta.

D'eagraigh an DMEP na seisiúin scrúdaithe bliantúla i mí na Bealtaine d'Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus i gColáiste na Tríonóide, Londain.

Breisoideachas agus Oiliúint (FET)

Mar thoradh ar thionscadal píolótach in Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) le pearsanra na bhFórsaí Cosanta a seachadadh in 2017 agus 2018, leathnaíodh RPL chuig earnáil na tionsclaíochta in 2019. D'oibrigh FET le cuideachta táirgeachta bia, *Foyle Donegal*, agus le hionad gníomhaíochta, *Castle Adventure Open Farm*. Chuir an tionscadal 'tras-scileanna' (scileanna a bhfuil feidhm leathan acu), taithí oibre, cleachtas oibre, reáchtáil imeachtaí agus scileanna fiontraíochta san áireamh. Mar thoradh air sin fuair 187 fostaí creidiúnú aitheanta náisiúnta. Le cur lena dtuiscint ar an phróiseas RPL, faomhadh na scileanna a bhí ag seisear ball foirne ón tSeirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh FET cheana féin maidir le reáchtáil imeachtaí agus obair foirne.

Tá ról tábhachtach ag comhoibriú agus comhpháirtíocht leis an earnáil phobail agus dheonach in obair an ETB. Tugadh tacaíocht do níos mó ná 4,200 foghlaimoír i ngrúpaí pobail agus deonacha ar fud an chontae trí chúrsaí creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe a sheachadadh in 2019. Tionóladh an seimineár bliantúil faoi Oideachas Pobail ar an 5 Nollaig agus ba é athrú aeráide an téama a bhí aige. Ba é an Dr John Sweeney an príomhchainteoir agus d'fhreastail 100+ soláthraí ón earnáil phobail ar an seimineár.

Maidir le caidreamh a bhunú leis an earnáil gnó, d'úsáid FET cur chuige straitéiseach le díriú ar fhostóirí in earnálacha áirithe. Úsáideadh a n-ionchur chun cinneadh a dhéanamh ar chúrsaí i réimsí mar dhíolacháin dhigiteacha; oiliúint margaíochta; staidéar ar riachtanais speisialta agus míchumas intleachtúil; cuntasáíocht agus fáilteachas. Reáchtáladh cruinnithe le páirtithe leasmhara. D'eagraigh an fhoireann cuairteanna ar fhostóirí fosta. Tugadh cuireadh do chainteoirí ó earnáil na tionsclaíochta labhairt le grúpaí cúrsaí.

Eagraíodh imeacht trí lá maidir le Díolacháin Dhigiteacha agus Margaíocht; bhí saineolaithe sna réimsí sin páirteach. Ceann de na gníomhaíochtaí ba ea cuairt 'faoi choim' ar shiopa ilrannach McElhinneys i mBealach Féich le breathnú ar an dóigh a n-eagraítear an oibríocht díolacháin ar líne.

Cuireadh tús i ndáiríre leis an tionscnamh 'Scileanna le Dul Chun Cinn' a chur chun cinn le fhostóirí agus fostaíthe. Ceapadh comhordaitheoir fostaíochta. Bhí teacht ag 159 fostaí ar 'Scileanna le Dul Chun Cinn' trí réimse leathan ranganna oíche agus trí chúrsaí fosta. Ina measc bhí cúrsa na hInstitiúide Ceannaireachta agus Bainistíochta (ILM) i 'Ceannaireacht agus Bainistíocht', dírithe ar fhostaithe eagraíochtaí móra. Seachadadh dioplóma i 'Riarachán Gnó agus Gairmiúil' do 17 fostaí, cliant de chuid IDA. Seachadadh 'Feabhas a chur ar do Scileanna Láithreoireachta' d'fhostaithe ó áitreabh Leitir Ceanainn SITA, an príomhspeisialtóir ar domhan i gcumarsáid aeriompair agus réitigh TF.

Rinneadh anailís ar riachtanais oiliúna ar fud na n-earnálacha seo a leanas - fíodóireacht/ceardaíocht, miondíol, an earnáil cúraim agus TF. Táthar ag súil le pacáistí oiliúna a fhorbairt chun tacú le fíodóireacht, cuid luachmhar den oidhreacht cheardaíochta i nDún na nGall a d'fhéadfadh níos mó post a chruthú sa Ghaeltacht agus i réimsí eile. Cuireadh tús le hobair forbartha leis an earnáil innealtóireachta chun cabhrú le hathoiliúint agus uas-sciliú na foirne mar ullmhúchán do dheiseanna fáis a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Pleanáladh pacáiste tacaíochtaí do 2020.

Faoi dheireadh, rinne FET teagmháil agus comhoibriú fairsing le comhlachtaí agus eagraíochtaí mar Chomhairle Contae Dhún na nGall, agus a Oifig Fiontar Áitiúil; Cumann Tráchtála Leitir Ceanainn; Lónra Gnó Dhún na nGall; agus Lónra Mhná Gnó Dhún na nGall. Bhí tábhacht nach beag ag baint le

rannpháirtíocht lucht bainistíochta sa mhísean trádála trasteorann go Bostún i dtaca le próifíl an ETB a threisiú ag an leibhéal áitiúil agus go hidirnáisiúnta. Chothaigh na comhfhiontair sin spiorad comhcheangail inár n-iarrachtaí le tacú le hoiliúint agus fás i ngnólachtaí áitiúla agus próifíl ETB Dhún na nGall a ardú i réimse na rannpháirtíochta fiontraíochta.

Tionscadal Ceannaireachta Pobail arna mhaoiniú ag SÍOCHÁIN IV

Is tionscadal idirghníomhaireachta é seo faoi stiúir na seirbhíse FET le Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain agus Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall. Cuireadh céim thosaigh an tionscadail i bhfeidhm in 2019. Tairgeadh clár do dheich mol pobail i limistéar na teorann i nDún na nGall a thugann daoine ó chúlraí éagsúla le chéile chun éagsúlacht agus féiniúlachtaí cultúrtha ina bpobail féin a iniúchadh. Bhí na moil i Leitir Ceanainn (2), i nGleann na Finne (3), i nDún na nGall ó dheas (2) agus in Inis Eoghain (3). Gheobhaidh seasca a cúig duine dámhachtainí náisiúnta ag QQI Leibhéal 5 in 'Ag Obair le Grúpaí agus Anailís Shóisialta'. In 2020 reáchtálfar ceardlanna ar shíocháin agus ar athmhuintearas do 80 duine eile.

TOSAÍOCHT 14

Tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú gníomhaíochtaí oibre don ógra ar fud an chontae.

TORADH

Tuilleadh forbartha ar obair don ógra ar ardchaighdeán i nDún na nGall.

Seoladh *UBU D'Áit Do Spás*

Dhéileáil grúpa comhordaithe ETB Dhún na nGall maidir le hobair don ógra leis an scéim maoinithe náisiúnta nua, *UBU D'Áit Do Spás*, a sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Dr Katherine Zappone, i mí na Nollag 2019. Is é an Dr Martin Gormley, Stiúrthóir Scoileanna, cathaoirleach an ghrúpa comhordúcháin, agus i measc na gcomhaltaí tá:

Jim Mc Glynn, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta;
Ciaran Cunningham, Ceann Teicneolaíochta Faisnéise;
Sharon McDaid, Ceann Airgeadais;
Paddy Muldoon, Oifigeach don Ógra;
Jacquie Knox, Riarthóir Oibre don Ógra.

Tagann *UBU D'Áit Do Spás* (<https://ubu.gov.ie/home>) in ionad na scéimeanna maoinithe atá ann cheana. Dearadh é i gcomhar le daoine óga, an earnáil ógra, agus Boird Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear ETB Dhún na nGall. Tacaíonn an scéim le daoine óga na scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt atá riachtanach chun a gcuid deiseanna saoil a fheabhsú. Ina measc tá seirbhísí a chuimsíonn sláinte, oideachas, fostaíocht agus nascacht shóisialta. Tá sé dírithe ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine óga atá ar an imeall, faoi mhíbhuntáiste nó leochaileach. D'fhorbair an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige uirlis chun próifíliú a dhéanamh ar cheantair ar fud na tíre a chuidíonn le tosaíochtaí a leagan síos do sheirbhísí.

An Creat Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta

Soláthraíonn an NQSF struchtúr chun meastóireacht a dhéanamh ar obair don ógra i nDún na nGall agus ar na rudaí is gá a dhéanamh. Is bealach é inar féidir leis an earnáil ógra a thaispeáint cé chomh héifeachtach agus atá sí, agus an cleachtas a fheabhsú. Leanann Seirbhísí Ógra an ETB de bheith páirteach sa phróiseas, chomh maith le Foróige, Seirbhís Ógra Dhún na nGall agus *Involve*.

Tá clubanna agus grúpaí ógra ag glacadh páirte fosta sna Caighdeáin Cháilíochta do Ghrúpaí faoi stiúir Oibrithe Deonacha, atá comhtháite leis an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla.

Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Dhún na nGall (CYPSC)

Is é cuspóir an CYPSC torthaí níos fearr a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga trí chomhtháthú níos éifeachtaí a dhéanamh ar sheirbhísí agus idirghabhálacha atá ann cheana ag leibhéal áitiúil. Is cur chuige idirghníomhaireachta é, a chuimsíonn eagraíochtaí ógra, scoileanna, Cumasóige, Comhairle na nÓg agus eile. Ghlac Paddy Muldoon, Oifigeach Ógra ETB Dhún na nGall páirt san fhoghrúpa 'Sábháilte agus Slán'.

Fóram Faisnéise agus Comhairliúcháin d'Oifigigh don Ógra

D'fhreastail an tOifigeach Óige Paddy Muldoon ar imeachtaí eolais agus comhairliúcháin ina raibh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) agus an scáth-chomhlacht náisiúnta do ETBanna, Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (ETBI) páirteach.

Forbairt amháin in 2019 ba ea insealbhú Líonra Ógra ETBI, a tháinig le chéile den chéad uair i mí na Nollag 2019. Táthar ag súil go bhfeabhsóidh sé seo cumarsáid, comhroinnt faisnéise agus comhoibriú i gcoitinne ar obair don ógra i measc na ETBanna.

Grúpa Oibre um Chaipiteal Ógra

Tá Oifigeach Óige ETB Dhún na nGall ina chomhalta den Ghrúpa Oibre um Chaipiteal Ógra sa DCYA. Tugann sé airgead agus tacaíochtaí do thionscadail ógra, do chlubanna óige agus do ghrúpaí óige ar fud na tíre. Thug an DYCA maoiniú do thionscadail 'faoi stiúir foirne' do threalamh TF, do threalamh spóirt, do threalamh ealaíon agus drámaíochta agus go leor eile. Bhí maoiniú ann fosta do chlubanna agus do ghrúpaí óige i nDún na nGall faoi stiúir oibrithe deonacha.

Rialachas agus Cuntasacht

Tá obair don ógra san ETB á treorú ag an chreat náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga, 2014 - 2020, ar a dtugtar, *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*. Tá ról rialachais meánleibhéil ag ETB Dhún na nGall i dtéarmaí tionscadal a chuidíonn leis an scéim maoinithe úir, *UBU D'Áit Do Spás*. Chomh maith leis sin in 2019 rinneadh obair ar mholtaí na tuarascála Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas a chur i bhfeidhm.

Riarachán maoinithe

Tugadh deontais bheaga tríd an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla do 77 club agus grúpa faoi stiúir oibrithe deonacha ar fud an chontae, ina raibh daoine óga agus ceannairí óige páirteach. Chuaigh na deontais sin i dtreo réimse éagsúil clár agus gníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla oideachais.

Seo a leanas na cláir áitiúla a mhaoinigh an DYCA faoi scéimeanna éagsúla:

- Clár *Daybreak* (Seirbhís Óige Dhún na nGall)
- Ionad Eolais Óige Leitir Ceanainn (Seirbhís Óige Dhún na nGall)

- Tionscadal For-rochtana Óige Dhún na nGall (Seirbhís Óige Dhún na nGall)
- Tionscadal Óige um Oideachas Forbartha DECK (Foróige)
- Scéim Réigiúnach Forbartha Óige (Foróige)
- Clár Oiliúna / Cosc ar Dhrugaí agus Alcól; Óige Dhún na nGall (Foróige)
- Clár Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall maidir le Drugaí (ETB Dhún na nGall)
- Tionscadal Óige *Involve* (Involve CLG)

Sheol lucht na dtionscadal tuarascálacha ar dhul chun cinn chuig Oifigeach Óige an ETB, a rinne athbhreithniú orthu agus a chuir ar aghaidh chuig DCYA iad.

Síocháin IV

Sheol ETB Dhún na nGall clár Saoránachta trí Obair don Ógra, a bhí dírithe ar dhaoine óga a spreagadh le mothú go bhfuil baint acu lena bpobal agus leanúint ar aghaidh ag cur go mór leis. Cuimsíonn an clár oiliúint chun daoine óga a spreagadh chun smaoineamh ar shaincheistanna mar chomhionannas, idirchultúrachas, ciníochas agus seicteachas. Tá an tionscnamh maoinithe ag Comhlacht na gClár Speisialta AE trí Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Forbairtí Gaeilge

Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i bhfeidhm chun an Ghaeilge a chur chun cinn chun críocha oifigiúla sa stát, chun cumarsáid a dhéanamh leis an phobal agus seirbhísí a sholáthar dó. Mar chuid dá oibleagáidí faoin Acht, tá scéim Gaeilge ag ETB Dhún na nGall, 2017-2020. Is é aidhm na scéime teanga cur le méid agus le caighdeán na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge. Tá ETB Dhún na nGall an-bhródúil as an dul chun cinn atá déanta i mbliana. Ba iad seo a leanas na forbairtí:

- Thosaigh Coláiste na Carraige, ceann de cheithre scoil de chuid an ETB sa Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta, ag múineadh Matamaitice trí Ghaeilge.
- Bhí breithiúna dátheangacha ag Gradaim an ETB le freastal a dhéanamh ar ár sé iar-bhunscoil a mhúineann trí mheán na Gaeilge agus/nó aon scoil eile ar mhian leo a gcuid tionscadal a chur i láthair i nGaeilge.
- Bhí seisear ball foirne ar fhoireann ETB Dhún na nGall sa tsraith ard-phróifíle TG4 '*Creative Company*', a raibh sé mar aidhm aici an comhlacht is cruthaithí in Éirinn a aimsiú.
- Ghlac roinnt ball foirne ó na hoifigí riaracháin páirt i gcúrsaí Gaeilge, agus rinne cuid acu cúrsaí creidiúnaithe atá fós ar siúl.
- Rinneadh 'Seachtain na Gaeilge' a cheiliúradh i mí an Mhárta ar fud na heagraíochta.
- Chuir Gairmscoil Mhic Dhiarmada ar Árainn Mhór tús le scéim phíolótach inar múineadh Físic ar líne trí Ghaeilge.
- Sheol ETB Dhún na nGall haischlibeanna dátheangacha # CéimChunTosaighleETBDhúnnanGall (#GoFurtherWithDonegalETB)# IsMuidETBDhúnnanGall (#WeAreDonegalETB)

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin

Bhí bliain ghnóthach ag Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin (OETC) in 2019. Ar an iomlán, ghlac 384 grúpa éagsúil páirt i gcúrsaí oideachais agus oiliúna allamuigh i rith na bliana. Tháinig siad ó shuíomhanna éagsúla - bunscoileanna, iar-bhunscoileanna/meánscoileanna, an earnáil óige, an pobal, oiliúint, FET/ardoideachas agus daoine fásta.



Buaicphointí 2019

- D'fhreastail 45 iar-bhunscoil/meánscoil ar an ionad in 2019. Ghlac 2,126 dalta agus 172 múinteoir páirt i gcúrsaí oideachais agus oiliúna allamuigh.
- D'fhreastail 29 bunscoil ar an ionad in 2019, ina raibh 1,092 dalta agus 96 múinteoir páirteach.
- D'fhreastail 2,670 duine óg agus 356 ceannaire ón earnáil óige/pobail.
- Ghlac 1,344 duine fásta páirt i gcúrsaí oideachais agus oiliúna allamuigh ag an ionad.
- Chríochnaigh 16 theagascóir FET faoi oiliúint cúrsa oiliúna lánaimseartha, ag cáiliú mar theagascóirí cadhcála, surfála agus seoltóireachta. Ghnóthaigh siad cáilíochtaí i sléibhteoireacht, i mbádóireacht agus i ngarchabhair. Thosaigh naonúr teagascóirí úra faoi oiliúint ar chúrsa oiliúna teagascóirí gníomhaíochta allamuigh i Meán Fómhair 2019. Críochnóidh sé i mí Lúnasa 2020.
- In 2019, d'athbhunaigh OETC Ghartáin a scoil seoltóireachta agus surfála ar an Thrá Bheag sna Dúnaibh do mhí Iúil agus Lúnasa. Chuir muintir na háite agus lucht saoire fáilte mhór roimpi. Fuair 247 duine teagasc sa scoil thar cheithre seachtaine.
- Bhí campaí eachtraíochta oideachais allamuigh lomlán do mhí Iúil agus Lúnasa le 517 duine óg páirteach sna cúrsaí seachtaine.



Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall

Buaicphointí 2019

Bhí beirt bhan a rinne sárobair don cheol i nDún na nGall le blianta fada, sa chúlra den chuid is mó, i lár an aonaigh in 2019.

D'éirigh an tSiúr Concepta Murphy, Béal Átha Seanaidh, a raibh ról lárnach aici i mbunú Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP), as a coiste comhairleach. Reáchtáladh searmanais bhronnta di ag ceolchoirmeacha i Leitir Ceanainn agus i mBéal Átha Seanaidh. Bhronn an tSiúr Concepta roinnt mhaith uirlisí ceoil agus scór ar an DMEP i rith na bliana.

I mí Feabhra sheas Mary Armitage, an Craoslach, ar stáitse an Cheolárais Náisiúnta chun Gradam Agnes O'Kane, gradam mór le rá, a fháil ó Chumann Ceolfhoirne Óige na hÉireann as a cuid oibre le Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall.

Bliain ghnóthach eile a bhí ann don DMEP, agus chríochnaigh sé go snasta í le dhá cheolchoirm Nollag. Ceolchoirm eile a díoladh amach ba ea ceolchoirm thraidisiúnta na Nollag DMEP in Amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn Dé Domhnaigh, 15 Nollaig. Bhí Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall agus roinnt cór de chuid an DMEP ann, lena n-áirítear Cór Óige Dhún na nGall. I measc na n-aíonna speisialta bhí an triúr amhránaithe *Evergreen*, a bhí le feiceáil níos déanaí ar *The Voice UK* ar ITV.

Forbairt úr i mbliana ná an dara ceolchoirm Nollag, 'Féile Nollag DMEP', a thug slua mór eile chuig an Grianán Dé Máirt, an 17 Nollaig. I measc na ndaoine ar an stáitse bhí grúpaí DMEP Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall agus Téada Sóisearacha Dhún na nGall. I measc na n-aíonna bhí an t-amhránaí Amy Meehan, dalta DMEP, a bhí díreach i ndiaidh tacú le Paul Carrack ar mhór-chamchuairt Éireannach.

Ba iad sin dhá cheann de níos mó ná 50 imeacht a raibh baint ag an DMEP lena n-eagrú in 2019. Buaicphointe eile ba ea ceolchoirm deireadh bliana Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall i mí na Bealtaine ag an Ghrianán; bhí roinnt léirithe iontacha le feiceáil ó bhaill aonair den cheolfhoireann atá ag imeacht. Bhí ceolchoirmeacha díolta amach ag Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall in ionaid stairiúla ar oícheanta i ndiaidh a chéile i mí an Mheithimh - Caisleán Dhún na nGall i mBaile Dhún na nGall agus ar imeall aille ag Teampall Mussenden, Dún Bó, Co. Dhoire.

Rinne Cór Óige Dhún na nGall agus an stiúrthóir Sara Laughlin ceiliúradh ar a 10 mbliana le ceolchoirm san Ionad Cultúrtha Réigiúnach, Leitir Ceanainn. Rinne Téada Sóisearacha Dhún na nGall agus an stiúrthóir Victor Yélamo ceiliúradh ar a ndeich mbliana le ceolchoirm i nGailearaí na Gléibe, Mín an Lábáin.

Bhí ceolchoirmeacha daltaí, ceardlanna ceoil agus fiú turas scoile ann fosta. Chuaigh ceolfhoireann Théada Sóisearacha Dhún na nGall ar camchuairt lae ag seinm le mic léinn bhunscoile i mBun Cranncha, Droim Eochaille, Ráth Bhoth, Baile Suingean agus Leitir Ceanainn.

Chuidigh an DMEP le Féile Cheoil Aireagail Dhún na nGall 2019 a eagrú agus a chur chun cinn, le cúig cheolchoirm i gceann deich lá i mí Dheireadh Fómhair.

Bhog an Riarthóir Aisling Grier go ceannoifig an ETB i ndiaidh seacht mbliana i gcroílár obair DMEP. Ceapadh riarthóir úr, John McIvor.

Lean croíobair an DMEP, teagasc do dhaltaí ceoil ar fud Dhún na nGall, ar aghaidh le linn 2019. Cuireadh teagasc ar fáil do níos mó ná 400 dalta i réimse uirlisí agus amhránaíochta. Bhí baint ag 200 dalta eile le deich dtaibhgrúpa an DMEP.

Chuir an DMEP tús le treoirthionscadal ag tabhairt ranganna seachtainiúla ceoil do thart ar 500 leanbh i suíomhanna bunscoile i dtuaisceart Dhún na nGall. Áine Doolan a reáchtáil an tionscadal sin agus d'éirigh go hiontach leis; bhí an oiread sin éilimh air go raibh ar an DMEP liosta feithimh a chur le chéile do scoileanna.



Tugadh moladh mór don tSiúr Concepta Murphy ag ceolchoirm deireadh bliana Cheolfhoireann Óige Dhún na nGall in Amharclann an Ghrianáin, Leitir Ceanainn. D'éirigh an tSiúr Concepta as coiste comhairleach an DMEP i ndiaidh blianta fada d'obair ar son an cheoil i nDún na nGall. Sa phictiúr ó chlé tá Vincent Kennedy, stiúrthóir Cheolfhoireann Óige Dhún na nGall; Príomhfheidhmeannach ETB Dhún na nGall Anne McHugh; Audrey McDaid, iar-cheannaire ar an DYO; Mary Armitage; An tSiúr Concepta Murphy; agus iar-Phríomhfheidhmeannach ETB Dhún na nGall Seán Ó Longáin.

Dámhachtainí bliantúla ETB Dhún na nGall 2019

D'óstáil ETB Dhún na nGall a shéú searmanas bronnta bliantúil in Óstán an Radisson, Leitir Ceanainn Déardaoin, 21 Márta. Léirigh na 34 iontráil an chruthaitheacht agus an nuálaíocht atá ar siúl i scoileanna, in ionaid agus i gcláir Sheirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) an ETB ar fud an chontae.

Na hEalaíona, Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeilge

1. Coláiste Cranncha: Tionscadal Leabhar Scéalta Oidhreachta Cultúrtha;
2. Coláiste Ghleann na Finne: Do Laochra atá ar Lár: Amhráin agus Dánta an Chéad Chogaidh Dhomhanda;
3. Gairmscoil Mhic Dhiarmada: Leabhrán maidir le Síneadh Iarnróid Leitir Ceanainn & Ailt an Chorráin.

Breisoideachas agus Oiliúint

1. Ionad Oiliúna Leitir Ceanainn: Feachtas Bolscaireachta Físe Facebook;
2. Ionad FET, Baile Dhún na nGall: Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL);
3. Foghlaim le Maireachtáil, Inis Eoghain: Bí ar do Shuaimhneas.

Maireachtáil Fholláin agus Folláine

1. Coláiste na Daoile: 'Daoil'eáil Le D'Fholláine;
2. Ionad FET Baile Dhún na nGall: Tusa, Níos Sláintiúla;
3. Coláiste Cranncha: Seachtain Ghlas.

Nualáíocht, Cruthaitheacht agus Fiontraíocht

1. Gairmscoil Mhic Dhiarmada: Sábháilteacht Uisce an Atlantaigh Fhiáin do Leanaí;
2. Coláiste Mhagh Éne: Blastán an Atlantaigh Fhiáin;
3. Gairmscoil Chú Uladh: Tóin The Theolaí;

Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM)

1. Coláiste Mhagh Éne: Mi-Wi-Fi: Imscrúdú ar an trasnaíocht ardmhnicíochta EM idir oighinn mhicreathonnacha agus Wi-Fi;
2. Gairmscoil na Mainistreach: Réiteoir Ciúb Rubik;
3. Coláiste Ailigh: Staidéar ar cén ghlúin in Éirinn is gníomhaí agus is eolaí faoi athrú aeráide;



Lá Fiontraíochta ETB 2019

Ghlac dhá chéad daichead dalta as 20 iar-bhunscoil agus ionad Cumasóige páirt i Lá Fiontraíochta 2019 ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn i mí Dheireadh Fómhair. Is éard a bhí i gceist ná go raibh ar gach foireann táirge a fhorbairt agus rinneadh breithiúnas orthu ansin cosúil leis an seó *Dragon's Den*. Tugadh meantóir gnó agus mac léinn staidéar gnó LYIT do na foirne chun iad a threorú.

Ar maidin labhair Seamus McDaid, ón ghnólacht cháiliúil deochanna boga McDaid's as Ráth Mealtain, leis na mic léinn faoina thuras mar fhiontraí. Mar chuid dá chaint labhair sé faoin am a chaith sé san Astráil agus i SAM.

1ú	Coláiste Ailigh
2ú	Gairmscoil na Mainistreach
3ú	Coláiste na Maoile Rua

Chruthaigh na buaiteoirí, Coláiste Ailigh, táirge nuálach darbh ainm 'Sea Wear', píosa Tupperware infhillte, a cruthaíodh as feamainn arbh fhéidir é a oscailt amach mar phláta. Bhí sé dírithe ar mhargadh na mbialann/mbialann beir leat. Thacaigh an meantóir Amy Harkin ó *Lottie Dolls* leis an fhoireann.



Clár Forbartha Caipitil | Bainistíocht Eastát

Láthair	Oibreacha
Coláiste na Daoile	Foireann deartha ceaptha. Ciallóidh an tionscadal níos mó cóiríochta don scoil - trí sheomra ranga príomhshrutha, dhá sheomra miotalóireachta / innealtóireachta agus ceithre sheomra ranga (Bonn Riachtanas Speisialta Oideachais)
Coláiste an Eargail	Foireann deartha ceaptha le haghaidh síneadh mór
Gairmscoil na Mainistreach	Dhá sheomra ranga réamhdhéanta bhreise
Gairmscoil na Mainistreach	Foireann deartha ceaptha: ASA * - Seomra DG/Itheacháin agus MOD GLD
Gairmscoil na Mainistreach	EWG * - Rochtain do Chách; Oibreacha/leithreas
Coláiste Pobail Bhun an Phobail	EWG - athchóiriú ar sheomraí ranga réamhdhéanta
Coláiste Pobail Bhun an Phobail	EWG - Rochtain do Chách Oibreacha / leithreas
Gairmscoil Chaitriona	EWG - Uasghrádú leictreach agus soilsithe sa seomra aclaíochta
Gairmscoil Chaitriona	SWS * 2019 - Athchur urláir halla spóirt
Coláiste na Carraige	SWS 2019 - Athchur fuinneog agus forhalla tosaigh
Coláiste na Carraige	Céim 2 - Áiseanna spóirt allamuigh
3 Ionad FET: <ul style="list-style-type: none"> • Ionad Cumasóige, Leitir Ceanainn • Bun Cranncha • Gort an Choirce 	Athchur dín
Ionad FET, Baile na nGallóglach	Foireann deartha ceaptha: spásanna páirceála do charranna
Ionad FET Gort an Choirce Foirgneamh Crèche	Oibreacha uasghrádaithe meicniúla
Ionad FET - Ardscoil na gCeithre Máistrí	Oibreacha uasghrádaithe leictreachais
Ionad Cumasóige Ghleann Gad	Oibreacha uasghrádaithe leictreachais
Ionad FET, Gleann na Finne	Athchóiriú ar leithris
Pobalscoil Ghaoth Dobhair	Foireann deartha ceaptha: cóiríocht bhreise
Pobalscoil na Rosa	Foireann deartha ceaptha: cóiríocht bhreise

CORPARÁIDEACH

Rannóg Soláthair

Bunaíodh Rannóg Soláthair láraithe in ETB Dhún na nGall in 2013. Cuireadh beartas soláthair nuashonraithe i bhfeidhm ar fud na heagraíochta in 2018. Is é ról na Rannóige Soláthair a chinntiú go gcloíonn gach duine leis an bheartas, lena n-áirítear an chomhairle maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide a úsáid. Baineann sé le luach ar airgead a sholáthar don ETB fosta nuair a cheannaíonn sé earraí, seirbhísí agus oibreacha.

Nochtaí Cosanta

D'fhoilsigh ETB Dhún na nGall tuarascáil ag deimhniú nach bhfuarthas aon nochtadh cosanta in 2019. Tá an fhaisnéis sin faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014,

Saoire Faisnéise

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 i bhfeidhm do ETB Dhún na nGall ar an 14 Aibreán 2015. Tugann an tAcht an ceart do dhuine ar bith:

- Rochtain ar thaifid oifigiúla atá á gcoinneáil againn a iarraidh
- Faisnéis phearsanta a choinnítear orthu a cheartú nó a nuashonrú i gcás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach
- Fáthanna a fháil uainn maidir le cinntí atá déanta againn a théann i bhfeidhm orthu

Le linn 2019, fuair ETB Dhún na nGall 12 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Tá na sonraí foriomlána thíos. Is féidir Taifid Bhliantúla Nochta Saorála Faisnéise a fháil sa rannán Foilseachán agus Acmhainní dár suíomh gréasáin www.donegaletb.ie

Iarratais Saorála Faisnéise 2019

Iarratais	Catagóir	Stádas
3	Iriseoir	Ceadaithe
3	Iriseoir	Diúltaithe
3	Gnó/Grúpa Sainleasa	Ceadaithe
1	Gnó/Grúpa Sainleasa	Ceadaithe
1	Eile	Diúltaíodh do chuid de
1	Eile	Diúltaithe

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS/GDPR)

Tá BOO Dhún na nGall tiomanta dá oibleagáidí faoi RGCS/GDPR a chomhlíonadh. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ag an eagraíocht a thugann tacaíocht agus treoir do scoileanna agus d'ionaid FET. Cuireadh oiliúint RGCS/GDPR ar fáil ar líne do gach fostaí. Rinneadh Seiceálacha Féinmheasúnaithe Comhlíontachta RGCS/GDPR i scoileanna agus in ionaid. Leantar den obair ar Chomhaontuithe Comhroinnte Sonraí.

Sláinte agus Sábháilteacht

Leanann ETB Dhún na nGall ag obair lean chinntiú go gcuirtear ionad oibre sábháilte agus sláintiúil ar fáil d'fhoireann uile ETB Dhún na nGall. In 2019, áiríodh san obair sin athbhreithniú ar an Lámhleabhar Sláinte agus Sábháilteachta a ullmhaíodh do scoileanna agus d'ionaid.

Lean Grúpa Oibre Sláinte agus Sábháilteachta an ETB ag teacht le chéile in 2019. Seo achoimre ar an oiliúint a cuireadh ar fáil sa réimse sin:

Cúrsaí	Líon na gcúrsaí	Líon na gComhaltaí ar Cuireadh Oiliúint Orthu le linn 2019	Bailíocht an Teastais Bailíocht
Oiliúint Gharchabhrach	9 x Cúrsa	59	2 bhliain
Oiliúint Pas Shábháilte	1 x cúrsa	20	4 bliana
Láimhsiú Sábháilte	2 x cúrsa	40	3 bliana
Ag Obair in Airde	1 x cúrsa	23	-
Maor Dóiteáin	2 x cúrsa	59	3 bliana
Oiliúint maidir le hÚsáid Lotnaidicídí	1 x cúrsa	14	-
Lomaire/Struimeálaí	1 x cúrsa	15	-
Measúnú Riosca	3 x cúrsa	100	-
Oiliúint maidir le hÚsáid Ardaitheoirí Láimhsiú Sábháilte Othar	1 x cúrsa	11	2 bhliain

An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Comhaltaí de Choiste ETB Dhún na nGall um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC) | Eanáir - Meitheamh 2019

1. Kevin Huston, Cathaoirleach (ball seachtrach)
2. An tUasal David Alcorn
3. An Clr Martin Farren
4. An tUasal Eunan Cunningham (ball seachtrach)
5. An Clr Michael McBride:
6. Philip McGlynn (ball seachtrach)

Ballraíocht ARC ó Mheán Fómhair - Nollaig 2019

1. An tUasal Kevin Huston, Cathaoirleach (ball seachtrach)
2. An tUasal David Alcorn (ball seachtrach)
3. An tUasal Gabriel O'Donnell (ball seachtrach)
4. An tUasal Andrew McGovern (ball seachtrach)
5. Kathleen Bonner, Uasal (ball seachtrach)
6. Lorraine Thompson, Uasal
7. An Clr Michael McBride
8. An tUasal Gerard Grant

**An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca - Taifead Tinrimh maidir le Cruinnithe 2019
(Feabhra-Márta-Bealtaine)**

Comhalta	18 Feabhra 2019	28 Márta 2019	15 Bealtaine 2019
An tUasal David Alcorn (Cathaoirleach)	x	x	x
An tUasal Eunan Cunningham	x		x
An Clr Martin Farren	x		
An tUasal Kevin Huston	x	x	x
An Clr Michael McBride		x	
An tUasal Philip McGlynn	x	x	x

**An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca - Taifead Tinrimh maidir le Cruinnithe 2019
(Samhain - Nollaig)**

	19 Samhain 2019	9 Nollaig 2019
An tUasal Kevin Huston (Cathaoirleach)	x	x
An tUasal David Alcorn	x	x
Kathleen Bonner, Uasal	x	x
An tUasal Gerard Grant	x	
An Clr Michael McBride	x	
An tUasal Andrew McGovern	x	x
An tUasal Gabriel O'Donnell	x	x
Lorraine Thompson, Uasal	x	x

An Coiste Airgeadais

Comhaltaí de Choiste Airgeadais ETB Dhún na nGall | Eanáir - Meitheamh 2019

1. An tUasal Geoffrey Browne, Cathaoirleach
2. An Clr Gary Doherty
3. An Clr Martin Harley
4. Bernadette Ní Dhuibhir
5. Seamus Bradley (ball seachtrach)

Ballraíocht ó Mheán Fómhair - Nollaig 2019

1. An tUasal Patsy McVicar, Cathaoirleach
2. An tUasal Conall Dunne (ball seachtrach)
3. Mary Doogan, Uasal (ball seachtrach)
4. An tUasal Seamus Bradley (ball seachtrach)
5. Regina Grant, Uasal
6. An Clr Gary Doherty
7. An Clr Martin Harley

An Coiste Airgeadais - Taifead Tinrimh maidir le Cruinnithe 2019 (Márta - Meitheamh)

	28 Márta 2019	20 Meitheamh 2019
An tUasal Geoffrey Browne (Cathaoirleach)	x	x
An tUasal Seamus Bradley		x
An Clr Martin Harley	x	x
Bernadette Ní Dhuibhir, Uasal		
An Clr Gary Doherty		

An Coiste Airgeadais - Taifead Tinrimh maidir le Cruinnithe 2019 (Samhain - Nollaig)

	25 Samhain 2019	9 Nollaig 2019
An tUasal Patsy McVicar (Cathaoirleach)	X	X
An tUasal Conall Dunne	X	X
Mary Doogan, Uasal	X	X
An tUasal Seamus Bradley		X
An Clr Martin Harley		X
An Clr Gary Doherty		X
Regina Grant, Uasal	X	

Giorrúcháin

Tuismitheoir - tagraíonn sé do thuismitheoir nó do chaomhnóir

Dalta - tagraíonn sé do dhalta/fhoghlaimeoir

ASD	Neamhoird Speictrim Uathachais
AFS	Ráitis Airgeadais Bhliantúla
ARC	An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca
ASIST	Scileanna Feidhmeacha Idirghabhála i dtaca le Féinmharú
APT	Uirlis Próifílithe Ceantair
BTEI	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
BOM	An Bord Bainistíochta
C&AG	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
CAT	Uirlis Measúnaithe Comhlíontachta
POF	Príomhfheidhmeannach
CL	Imlitir/Ciorclán
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CPSIs	Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí
CSL	Ionad Ceannaireachta Scoile
CYPSC	An Coiste um Sheirbhísí Leanaí agus Daoine Óga
DBN	Líonra Gnó Dhún na nGall
DDLDP	Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe
DEASP	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna
ROS/DES	An Roinn Oideachais agus Scileanna
DLDC	Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall
DCA	Duine Idirchaidrimh Ainmnithe
DMEP	Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall
EFS	Ciste Sóisialta na hEorpa
ETB	Bord Oideachais agus Oiliúna
ETBI	Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
RGCS/GDPR	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
AD/HR	Acmhainní Daonna
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
IAU	An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
IDA	An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail
IDP	Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain
IGC	Institiúid na gComhairleoirí Treorach
ILM	Institiúid Ceannaireachta agus Bainistíochta
IPB	Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo.
JCSP	Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
JCT	An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
LCA	An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
LCVP	Gairmchlár na hArdteistiméireachta
LDS	Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna

LEO	Oifig Fiontair Áitiúil
LADT/LGBT	Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinsneach
LYIT	Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
NALA	An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
NAPD	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí
NCSE	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
NEWB	An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais
NFQ	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
NGB	Coiste Náisiúnta Rialaithe
NQSF	An Creat Um Chaighdeán Cháilíochta Náisiúnta
PEIL	An Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim
PLC	Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta
PLSS	An Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí Cláir
PLUs	Aonaid Foghlama Tosaíochta
PTT	Múinteoir Páirtaimseartha
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
SEN	Riachtanais Speisialta Oideachais
SESS	An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta
SLSS	An tSeirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal
SNA	Cúntóir Riachtanas Speisialta
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
SPHE	Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
SSE	Féinmheastóireacht Scoile
TEL	Foghlaim le cuidiú Teicneolaíochta
TUI	Aontas Múinteoirí Éireann
TUSLA	An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
TYFS	Scéim Maoinithe Spriocdhírthe ar an Ógra
UDL	Dearadh Uilíoch don Foghlaim
VTOS	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
WISE	Oideachas Gréasánbhunaithe maidir le hEolaíocht na Faisnéise
WRAT	<i>Triail Ghnóthachtála Raon Leathan</i>
WSE	Meastóireacht Scoile Uile

Aguisín a hAon - Bord ETB Dhún na nGall - Comhdhéanamh

Tá an Bord comhdhéanta de **21 comhalta** a toghadh faoi fhorálacha Alt 30 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, ie:

- (a) 12 chomhalta arna n-ainmniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall faoi **Alt 30 (1) (a)** i ndiaidh thoghcháin na n-údarás áitiúil;
- (b) Beirt chomhaltaí is comhaltaí d'fhoireann an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. **Alt 30 (1) (b)** (toghadh beirt ainmnithe foirne);
- (c) Beirt chomhaltaí atá ina n-ionadaithe tuismitheoirí. **Alt 30 (1) (c)** (toghadh beirt ionadaithe tuismitheoirí);
- (d) Cúigear comhaltaí arna gceapadh de réir **Alt 30 (1) (d) Fo-alt (11)**.

Eascraíonn comhlachtaí ainmniúcháin mar atá sonraithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna faoin alt seo ó shainspéiseanna / réimsí lena n-áirítear:

- Comhlacht a bheidh ionadaitheach do na hearnálacha gnó, tionscail agus fostóirí (comhalta amháin);
- Comhlachtaí a bheidh ionadaitheach d'fhoghlaimoírí (comhalta amháin);
- Comhlachtaí arna bhunú chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna daoine a bhíonn ag gabháil do bhainistíocht nó do cheannaireacht ar scoileanna aitheanta (beirt);
- Comhlachtaí nach bhfuil sna trí chatagóir thuas (beirt).

Cheap ETB Dhún na nGall cúigear comhlachtaí as ainmniúcháin a fuarthas uathu seo a leanas: ISME; NALA; JMB / NAPD / ACCS; Cónaidhm na hÉireann um Míchumas; agus Foras na Gaeilge.

Ionadaíocht/Cruinnithe

- Is é cúig bliana téarma oifige ETB Dhún na nGall (2019-2024).
- Tagann an Bord le chéile go rialta - timpeall uair amháin gach sé seachtaine. In 2019, tháinig an Bord le chéile naoi n-uaire.
- De ghnáth toghtar an cathaoirleach agus an leasathaoirleach gach bliain.
- Ceapann ETB Dhún na nGall 4 dá chomhaltaí boird nó ionadaithe ar gach bord bainistíochta scoileanna agus coláistí de chuid ETB Dhún na nGall do théarma oifige an bhoird.
- Ceaptar comhaltaí nó ionadaithe fosta ar bhoird bhainistíochta na n-ocht scoil agus coláiste chuimsitheacha (pobal iontaobhaithe) de chuid an ETB.
- Ceaptar 4 comhaltaí boird ar chomhlacht rialaithe LYIT.
- Suíonn comhaltaí fosta ar choistí éagsúla den Bhord, go príomha: An Coiste Óige, An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, agus An Coiste Airgeadais.

Aguisín B - Liosta de na scoileanna a bhfuil baint acu leis an tionscadal Cleachtas Aisiríoch (féach Tosaíocht 2)

Is iad na naoi scoil de chuid an ETB a bhfuil baint acu leis an tionscadal Cleachtas Aisiríoch ná Gairmscoil na Mainistreach, Coláiste Cranncha, Coláiste na Daoile, Coláiste an Eargail, Coláiste Ghleann na Finne, Gairmscoil Chú Uladh, Coláiste Pobail Bhun an Phobail, Coláiste na Maoile Rua agus Gairmscoil Chaitríona. Tá gach ceann de na sé Ionad For-rochtana Óige de chuid an ETB ag glacadh páirte fosta - Béal Átha Seanaidh, Bun Cranncha, Gleann Gad, Gort an Choirce, Leitir Ceanainn agus Leifear. I measc na foirne ETB atá ag déanamh an Teastais Iarchéime i gCleachtas Aisiríoch tá cúigear ball foirne ó Choláiste Cranncha, triúr ball foirne ó Choláiste Pobail Bhun an Phobail, beirt ó Choláiste an Eargail, duine as Coláiste Ghleann na Finne, duine as Gairmscoil Chú Uladh) agus triúr as ionaid Chumasóige Bhéal Átha Seanaidh agus Ghort an Choirce.

Aguisín C - Liosta d'Fhógarfhocail *Donegal Daily* 2019 don tseirbhís FET (féach Tosaíocht 12)

1. <http://www.donegaldaily.com/2019/01/14/jason-tastes-success-in-the-kitchen-after-returning-to-education-with-donegal-etb/>
2. <http://www.donegaldaily.com/2019/01/23/crowds-discover-exciting-learning-paths-at-donegal-etbs-fet-fair-picture-special/>
3. <http://www.donegaldaily.com/2019/02/04/from-quitting-school-at-16-to-software-development-piaras-reaches-his-goals-with-etb/>
4. <https://www.donegaldaily.com/2019/03/08/inspirational-woman-carves-out-a-non-traditional-career-with-the-help-of-donegal-etb/>
5. <https://www.donegaldaily.com/2019/04/01/seamus-mcdonagh-cultivates-a-new-career-with-donegal-etb/>
6. <https://www.donegaldaily.com/2019/05/07/myles-mulgrew-moves-towards-great-goals-with-donegal-etb/>
7. <https://www.donegaldaily.com/2019/06/11/how-adeles-leaving-cert-achievement-paved-the-way-for-her-dream-job/>
8. <https://www.donegaldaily.com/2019/08/14/leaving-cert-leads-to-bigger-and-better-things-for-donna-and-colin/>
9. <https://www.donegaldaily.com/2019/10/28/reaching-for-great-goals-after-youthreach/>

Aguisín D - Ailt de chuid ETB Dhún na nGall d'fhoilseacháin FET (féach Tosaíocht 12)

1. <https://www.thisisfet.ie/stories/DigitalSalesandMarketing/>
2. <https://www.thisisfet.ie/stories/EventManagementtoWelding/>
3. <https://www.thisisfet.ie/stories/the-recession-was-a-blessing-in-disguise/>



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and
Training Board*



#CéimChunTosaighleETBDhúnnanGall



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



EUROPEAN UNION
Investing in Your Future
European Social Fund

Cómhainíonn Rialtas na hÉireann agus Ciste Sóisialta na hEorpa litearthacht d'aoisigh, an Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (BTEI), oiliúint i saincileanna agus cúrsaí oiliúna mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020.

Tá Cumasóige á chómhainiú ag Rialtas na hÉireann, ag Ciste Sóisialta na hEorpa agus ag an Tionscnamh Fostaíochta don Ógra mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020.